



**HBFI** Maoiníú Teaghais–Tógála Éireann  
Home Building Finance Ireland

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2020

*Ag cabhrú tithe nua a sholáthar*

# Ár Misean

Is é misean MTTÉ ná cabhrú le méadú ar an soláthar de thithe nua sa Stát tríd mhaoiniú a chur ar fáil do fhorbraíochtaí réadmhaoine chónaithe inmharthana ar bhonn tráchtála.

Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin le teacht ar níos mó eolais [www.hbfi.ie](http://www.hbfi.ie)



1. Príomhbhuaicphointí Gnó	2	6. Cás-Staidéir	15
2. Amlíne na bPríomh-Imeachtaí	5	7. Rialachas agus Faisnéis Chorparáideach	16
3. Ráiteas an Chathaoirligh	6	Stiúrthóirí	16
4. Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	8	Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird	18
5. Athbhreithniú Gnó	10	Tuarascálacha Coiste	23
Ár Margadh	10	Bainistíocht Riosca	25
Ár bhFeidhmíocht	10	Foireann Bainistíochta	27
Ár dTáirgí	11		
Ár gCustaiméirí	13	8. Ráitis Airgeadais	28
Ár nGeallsealbhóirí	13		
Ár mBreithnithe Beartais	13		
Ár dTosaíocht um Athrú Aeráide	14		

## Faoi MTTÉ

Ionchorpraíodh Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann (“**MTTÉ**”) i mí na Nollag 2018 chun maoiniú a sholáthar ag rátaí margaidh d’fhorbairtí cónaithe inmharthana ar bhonn tráchtála sa Stát. Bhí a bhunú mar chuid de fhreagairt níos leithne ar ghanntanas soláthair tithíochta na hÉireann a bhfuil soláthar gann ar an éileamh measta le blianta beaga anuas.

Is gné thábhachtach do MTTÉ gur dearadh é le bearnaí a aithint sa mhargadh agus le cabhrú le cinntiú nach mbíonn easpa maoinithe infhaightigh ag cur bac ar fhorbraíochtaí tithíochta ar fud na hÉireann atá inmharthana ó thaobh na tráchtála de. Cé gur dul i dteagmháil le tógálaithe/forbróirí le riachtanas gníomhach airgeadais na straitéise ghearrthearmaí atá ag MTTÉ, tá príomhpháirt aige chomh maith i gcabhrú le hiomaíocht a spreagadh agus margadh feidhmiúil níos eifeachtaí a chur chun cinn do mhaoiniú forbraíochta cónaithe le cinntiú nach bac é maoiniú sa tiomaint le soláthar tithíochta na hÉireann a mhéadú.



# Príomhbhuaicphointí Gnó

Ó Bhunú\*

## Ceaduithe

**€395m**

Maoiniú iomlán  
ceadaithe go dtí seo

(2020: €285m)



**1,850**

Ag tacú le 1,850  
teach cónaithe

(2020: 1,307)



**38**

Líon iomlán na  
n-áiseanna ceadaithé  
go dtí seo




**17**

Ar fud 17  
gcontae



**€10m**

Meánmhéid  
saoráid iasachta



**6.98%**

Rátaí do chroítháirgí  
5% go 9%, meán  
6.98%



**€1m  
go €94m**

Réimse saoráidí  
iasachta aonair  
ó €1m go €94m



**32%**

32% tithíocht  
shóisialta


**68%**

68% tithíocht  
phríobháideach thar  
gach táirge



### Láithreacha Gníomhacha

**€263m**



Maoiniú iomlán ceadaithe ar shuíomhanna gníomhacha agus críochnaithe go dtí seo


**1,162**



Líon na dtithe nua á seachadadh nó á dtógáil

**16**

Líon iomlán na suíomhanna gníomhacha go dtí seo ar fud 12 chontae



### Tithe Críochnaithe

**107**

Líon na n-aonad a críochnaíodh agus a díoladh



**476**

Ar conradh le díol/díol aontaithe




\* Tá figiúr í a tuairiscíodh ón 28 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2020. Ní tharraingeoidh gach scéim a cheadófar maoiniú ó MTTÉ ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear nach bhfuil an tionscadal ag dul ar aghaidh nó go bhfuarthas maoiniú malartach.


# Áiseanna MTTÉ ceadaithe go dtí seo

## de réir Contae

Tá 38 saoráid ceadaithe ag MTTÉ faoi dheireadh 2020. Tá na háiseanna seo in áiteanna éagsúla ar fud 17 gcontae le 48 teach nua ar an meán in aghaidh na saoráide. Tá tuilleadh sonraí ar fáil thíos.



# Amlíne na bPríomh-Imeachtaí



# Ráiteas an Chathaoirligh



Tá áthas orm an dara Tuarascáil Bhliantúil de MTTÉ a chur i láthair. Tháinig an paindéim COVID-19 chun cinn in 2020 mar dhúshlán mór domhanda agus chuaigh sé i bhfeidhm ar gach gné dár sochaí agus dár ngeilleagar. D'fhreagair MTTÉ go gasta na srianta maoinithe athraitheacha do thógálaithe tí in Éirinn lena chinntiú go bhféadfadh tionscadail inmharthana dul ar aghaidh de réir srianta an Rialtais. Leanamar orainn ag cur ár straitéise i bhfeidhm, ag seoladh táirgí chun bearnaí maoinithe sa mhargadh tógála tí a chomhlíonadh.

Cosúil le mórchuid na ngnólachtaí, d'fhoghlaimíomar oiriúnú do thimpeallacht oibre nua le bliain anuas agus léirigh bainistíocht agus foireann MTTÉ aclaíocht mhór agus iad ag freastal ar dhúshlán COVID-19. D'aithníomar go gasta go raibh MTTÉ in áit uathúil chun freagairt do shuaití maoinithe chun tacú leis an earnáil chónaithe agus sheol muid raon táirgí nua le linn 2020, go páirteach mar fhreagairt dhíreach ar COVID-19 agus freisin ar bhonn níos ginearálta chun ár láithreach a leathnú ar fud na hearnála tógála cónaithe. Áiríodh leis seo raon táirgí a seoladh ón gCiste Móimintim le haghaidh príomhfhorbairtí níos mó, chuig ár dtáirge Forbartha Bige do níos lú ná deich n-aonad. Thugamar freagra ar an ngá atá le táirge sonracha Maoinithe Árasáin agus sheol muid tairiscint maoinithe um Thithíocht Shóisialta le déanaí agus thugamar gné ráthaíochta ón gCiste Eorpach Infheistíochta isteach le haghaidh maoiniú Forbartha Bige.

Tá tionchar dáiríre ag neamhchinnteacht agus srianta ar earnáil na tógála cónaithe agus is é ár bhfócas leanúint de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairtí cónaithe inmharthana a sholáthróidh tithe nua a bhfuil géarghá leo ar fud na tíre. In ainneoin na neamhchinnteachta agus na srianta margaidh a bhí le sárú i rith na bliana, tá MTTÉ tar éis faomhadh iomlán na n-iasachtaí a mhéadú go dtí €95m faoi dheireadh 2020.


Teastóidh níos mó agus muid ag dul ar aghaidh trí dhúshlán 2021 agus leanfaimid orainn ag idirghníomhú lenár ngeallsealbhóirí chun tuiscint iomlán a fháil ar an tírdhreach athraitheach agus ar an gcaoi ar féidir linn a gcuid riachtanas a chomhlíonadh. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mBord agus le Foireann MTTÉ as a ngairmiúlacht leanúnach, a n-acmhainneacht agus a dtiomantas i mbliain a bhí an-éilitheach ach rathúil.

**Marie Collins**  
Cathaoirleach





Ag tacú le  
tógálaithe tithe  
cónaithe ar fud na hÉireann



# Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin



Le linn 2020, d'éascaigh MTTÉ soláthar leanúnach maoinithe um fhorbairt chónaithe. In ainneoin na ndúshlán a bhaineann le COVID-19, bhí ról an-láidir againn i dtithe nua a sheachadadh agus i rogha leathan táirgí maoinithe nuálacha a sholáthar do thógálaithe tithe. Faoi mhí na Nollag 2020, tá maoiniú de €395m ceadaithe ag MTTÉ chun tacú le 1,850 teach nua i 17 gcontae ar fud na hÉireann.

Bhí dúshlán nach bhfacthas riamh roimhe seo ag Tógálaithe Tithe ó thosaigh COVID-19 agus bhogamar go gasta chun raon tacaíochtaí éifeachtacha a bhunú chun leanúnachas a chinntiú i soláthar tithe nua agus sheol muid raon táirgí i rith 2020.

Leanann an deacracht maidir le hairgeadas a chruinniú mar shrian ar sholáthar tithe nua. Chomhlíon tairiscint tosaigh MTTÉ, an táirge Fiachais Sinsearaí, riachtanais chohórt mór tógálaithe/forbróirí. Ina dhiaidh athbhreithniú straitéiseach i dtreo dheireadh 2019, d'aithníomar go raibh suas le 12% den soláthar tithíochta nua ar fud na tíre, Baile Átha Cliath san áireamh, comhdhéanta de scéimeanna le níos lú ná 10 n-aonad. Is cuid dhílis den mhargadh na scéimeanna beaga seo. D'aithníomar freisin cé gur léirigh líon na n-iarratas pleanála go raibh fonn ar fhorbróirí scéimeanna nua árasán a sholáthar, ní raibh sé seo á aistriú go líon leordhóthanach forbairtí nua. Chun an bhearna seo sa mhargadh a shásamh d'fhógair muid dhá bheart nua i mBealtaine 2020 chun aghaidh a thabhairt ar mhaoiniú d'fhorbairtí Árasáin agus don táirge Forbartha Bige. Tá an-fháilte roimh an mbeirt acu agus chonaiceamar spéis mhór á léiriú mar gur cuireadh na táirgí i bhfeidhm go céimneach.

Chruthaigh COVID-19 imní faoi pairilis bhreise i ngníomhaíocht tógála agus bhagair sé ar athshlánú leanúnach na hearnála tógála cónaithe. Dearadh an freagra ar COVID-19 a sheol MTTÉ chun atosú tapa ar thógáil tí ar fud na hÉireann a éascú de réir mar a ardaíodh srianta COVID-19. Seoladh an Ciste Móimintim i mBealtaine 2020, gur dearadh é go sonrath d'fhorbairtí móra i láithreacha príomhúla mar fhreagairt dhíreach ar na dúshlán mhaoinithe a bhí rompu ag an am. Cuireadh ciste iomlán de €300m ar fáil le linn 2020. Le déanaí sheol muid an scéim Tithíochta Sóisialta agus táirge freisin d'fhorbróirí níos lú idir 5 agus 10 n-aonad, le tacaíocht ón gCiste Eorpach Infheistíochta (EIF).

Nuair a bunaíodh MTTÉ, bhíothas ag súil go bhféadfaimis tacú le suas le 7,500 teach nua thar thréimhse cúig bliana agus táimid ar an mbealach chun é seo a bhaint amach. Táimid lántiomanta chun ár moladh a fhorbairt go leanúnach agus tá sé de chumas againn réitigh bhreise a thabhairt ar aghaidh chun tacú le maoiniú le haghaidh tógáil tithe de réir mar a thagann riachtanais an mhargaidh chun cinn.

**Dara Deering**  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Ag freagairt do riachtanais  
an mhargaidh mar a thagann  
siad chun cinn

# Athbhreithniú Gnó

## Ár Margadh

Nuair a seoladh MTTÉ ag deireadh mhí Eanáir 2019, bhí táirge fiachais sinsearach amháin aige a chuir maoiniú ar fáil d'fhorbairt níos mó ná 10 n-aonad agus le caidhp maoinithe de €35m. I Ráithe 4 de 2019, chuaigh MTTÉ i dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara ar fud na hearnála tógála chun réimsí a shainaithe ina raibh maoiniú d'fhorbairt chónaithe srianta nó deacair rochtain a fháil air.

Tar éis an chaidrimh seo, aithníodh dhá réimse:

1. Maoiniú d'fhorbairtí faoi bhun 10 n-aonad; agus
2. Maoiniú le haghaidh forbairtí árasáin ar mhórsála, a éilíonn maoiniú de bhreis ar €35m

Mar thoradh ar an teagmháil seo agus le tacaíocht ón anailís mhargaidh, sheol MTTÉ dhá tháirge nua: táirge d'fhorbairtí níos lú idir cúig agus naoi n-aonad agus táirge árasáin.

Le tosú COVID-19, tháinig athrú bunúsach ar an tírdhreach maoinithe. Ba léir go bhféadfadh srian sealadach a bheith ar mhaoiniú do thionscadail tógála cónaithe. Thug MTTÉ freagra ar an mbearna maoinithe ionchasach seo trí Chiste Móimintim a lainseáil i mBealtaine 2020. Ba é 'céim isteach' agus maoiniú a sholáthar do thionscadail a bhí réidh le tosú ar an tógáil, agus a bheadh maoinithe de ghnáth ag na hinstiúidí airgeadais príomhshrutha, cuspóir an chiste. Méadaíodh an ciste tosaigh de €200m (ón tsaoráid CISE reatha de €730m) faoi €100m eile níos déanaí sa bhliain mar gheall ar na leibhéil arda éilimh.

Bhí éileamh láithreach margaidh ar na táirgí, go háirithe an Ciste Móimintim. Bhí muinín ag na tionscnóirí taobh thiar de na forbairtí seo dul ar aghaidh leis na tionscadail seo ar an mbonn go réiteofaí tionchar paidéimeach COVID-19 faoin am a seachadfaí na haonaid ar an margadh.

Maidir le forbairtí beaga agus meánleibhéil, ní raibh muinín chomh hard le linn na chéad ghlasála agus bhí inní ann faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag COVID-19 ar dhíolacháin tí nua, lena n-áirítear infhaighteacht morgáistí agus luachanna díolacháin. Ach nuair a ardaíodh an glasáil tosaigh agus nuair a d'fhan díolacháin tí nua láidir gan aon tionchar ar phraghsáil, tháinig muinín san earnáil ar ais go gasta agus léiríodh é seo leis an leibhéal ard spéise do tháirgí MTTÉ go léir i Ráithe 3 agus Ráithe 4 de 2020.

Earnáil eile den mhargadh tithíochta a d'fhás go láidir in 2020 ba ea tithíocht shóisialta, le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta ("CCTanna") agus Údaráis Áitiúla ag ceannach nó ag conradh chun líon mór tithe nua a cheannach ó thógálaithe/fhorbróirí faoin tsamhail cas-eochair. Mar

fhreagairt ar an éileamh méadaitheach ar mhargadh ar mhaoiniú san earnáil seo, thug MTTÉ táirge Tithíochta Sóisialta isteach i Ráithe 4 de 2020. Mar gheall ar an riosca laghdaithe a bhaineann le heochracha cas réamhdhíola, bhí MTTÉ in ann costas airgeadais níos ísle a thairiscint do na scéimeanna seo.

Leanann MTTÉ de bheith ag plé le príomhpháirtithe leasmhara ar fud na hearnála tógála agus forbróidh muid ár moladh níos mó de réir athruithe ar éileamh an mhargaidh.

## Ár bhFeidhmíocht

Faoi dheireadh 2020, bhí maoiniú faofa carnach de €395m ag MTTÉ ar fud 38 láithreán a d'fhéadfadh tacú le seachadadh suas le 1,850 teach cónaithe nua. Toisc go dtógann sé tréimhse ama idir ceadú agus an chéad tarraingt anuas chun comhaontuithe saoráide agus dícheall cuí dlíthiúil eile a shíniú, bhí 16 de na saoráidí seo tarraingthe anuas faoin 31 Nollaig 2020. Ba é an maoiniú iomlán a ceadáíodh do na 16 shaoráid seo ná €263m chun 1,162 teach cónaithe nua a sheachadadh. Tugtar achomiré ar chuid de na príomh-mhéadrachtaí thíos.

### Faomhadh:

	Ó Bhunú	2020
Méid iomlán an mhaoinithe ceadaithe	€395m	€285m
Líon iomlán na saoráidí ceadaithe go dtí seo	38	21
Líon na gcontaetha inar ceadáíodh maoiniú	17	11
Meánmhéid na saoráide iasachta (raon €1m go €94m)	€10m	€14m
Roinn an maoiniú ceadaithe:		
Tithíocht Shóisialta	32%	26%
Tithíocht Phríobháideach	68%	74%

### Tithe Críochnaithe:

Líon na dtithe a críochnaíodh agus a díoladh	107
Líon na dtithe ar conradh le díol/díol comhaontaithe	476

## Ár dTáirgí

Ag deireadh 2020, bhí cúig tháirge ar fáil ag MTTÉ chun forbairt chónaithe a mhaoiniú. Ligeann na táirgí seo forbairt tithíochta a mhaoiniú ó chúig aonad go dtí os cionn 300 aonad agus tá raon praghsanna ag gach táirge atá ar cóimhéid le nádúr an chineáil fhorbartha agus na paraiméadair riosca gaolmhara.

Baineann táirge Faoi 10 n-Aonad leas as an scéim ráthaíochta Iomaíochais Fiontar agus Fiontar Beag agus Meánmhéide (“COSME”) a oibríonn an Ciste Eorpach Infheistíochta. Ceadaíonn an ráthaíocht seo maoiniú a dhéanamh ar fhorbairtí beaga a d’fhéadfadh a bheith lasmuigh de mhian riosca MTTÉ murach sin agus is dóichí nach maoineofaí sa mhargadh iad. Tá sé seo ábhartha go háirithe d’fhorbairtí beaga sna réigiúin, a bhféadfadh tionchar dearfach agus díreireach a bheith acu ar an bpobal áitiúil i gcoibhneas lena méid.

Ba iad seo a leanas na táirgí a bhí á dtairiscint ag 31 Nollaig 2020:



### Faoi 10 n-Aonad (lena n-áirítear COSME)

Tá an Táirge Maoinithe Forbartha Bige (faoi 10 n-aonad) deartha chun maoiniú a sholáthar do thionscadail idir cúig agus naoi n-aonad cónaithe.



- Méid na saoráide ó €1m (lena n-áirítear ceannach talún (suas le 50%) agus maoiniú forbartha)
- Gearradh suas le 80% (lena n-áirítear maoiniú ceannaigh agus forbartha láithreáin)
- Imeall idir 6% agus 9% (thar Euribor 3 mhí)
- Gearrfar táille iontrála agus imeachta 1% faoi réir íos-táille iontrála de €15K agus íos-táille scoir de €15K
- Go hidéalach, ba cheart go mbeadh cead pleanála ag an láithreán nó go mbeadh cead pleanála á bhaint amach aige
- Scéim Ráthaíochta Iasachta arna soláthar ag an EIF (Ciste Eorpach Infheistíochta).



### 10 n-Aonad nó Os a Chionn

Tá tairiscint bhunaidh MTTÉ, an Táirge Maoinithe Forbartha Caighdeánach, deartha chun tionscadail chónaithe de 10 n-aonad nó níos mó a mhaoiniú.

- Is é 10 an líon íosta aonad (tithe/árasáin nó meascán) a gcuirfeadh maoiniú ar fáil dóibh faoin gcineál táirge seo
- Gearradh suas le 80% (lena n-áirítear maoiniú ceannaigh agus forbartha láithreáin)
- Imeall idir 5% agus 8% (thar Euribor 3 mhí), le táille iontrála agus táille imeachta suas le 1%
- Go hidéalach, ba cheart go mbeadh cead pleanála ag an láithreán nó go mbeadh cead pleanála á bhaint amach aige
- Is é €35m an maoiniú uasta a sholáthraítear faoin gcineál táirge seo.



### Forbairt Árasáin

Tá Táirge Maoinithe Árasáin MTTÉ dírithe go príomha ar forbairt árasán seachas ceannach láithreáin ach d'fhéadfadh maoiniú don láithreán a ionchorprú mar chuid den tsaoráid fhoriomlán.

- Is le haghaidh forbairtí ar árasáin den chuid is mó iad atá an táirge seo
- Gearradh suas le 80% (lena n-áirítear maoiniú ceannaigh agus forbartha láithreáin)
- Is féidir an táirge seo a úsáid chun forbairtí le réamhghíolachán/díolachán príobháideach nó meascán a mhaoiniú
- Go hidéalach, ba cheart go mbeadh cead pleanála ag an láithreán nó go mbeadh cead pleanála á bhaint amach aige
- Is é €75m an maoiniú uasta a sholáthraítear faoin gcineál táirge seo.
- Léireoidh an t-imeall agus na táillí an riosca a bhaineann le gach forbairt. Téigh i dteagmháil le MTTÉ le do thionscadal a phlé.



### Ciste Móimintim

Is freagra díreach é an Ciste Móimintim ar ghéarchéim COVID-19 agus tá sé deartha chun maoiniú a sholáthar go sealadach d'fhorbróirí seanbhunaithe d'fhorbairtí mórsála i bpríomhshuímh, a d'fhéadfadh a bheith maoinithe roimhe seo ag na bainc príomhshrutha.

- Méid na saoráide suas le €75m (le haghaidh méideanna níos mó déan teagmháil go díreach le MTTÉ chun plé a dhéanamh)
- Gearradh suas le 65% (lena n-áirítear maoiniú ceannaigh agus forbartha láithreáin)
- Déanfar imeall agus táillí a mheas ar bhonn cás ar chás.



### Tithíocht Shóisialta

Tá an Táirge Tithíochta Sóisialta deartha chun maoiniú a sholáthar do thionscadail tithíochta sóisialta atá ar conradh le díol roimh an tógáil le hÚdarás Áitiúil nó le CCT (Comhlacht Ceadaithe Tithíochta).

- Is é 10 an líon íosta aonad (tithe/árasáin nó meascán) a gcuirfear maoiniú ar fáil dóibh faoin gcineál táirge seo
- Ní mór an tionscadal a chur ar conradh le hÚdarás Áitiúil nó le CCT roimh an gcéad tarraingt anuas ón tsaoráid a sholáthraíonn MTTÉ
- Gearradh suas le 80% (lena n-áirítear maoiniú ceannaigh agus forbartha láithreáin)
- Imeall idir 5% agus 8% (thar Euribor 3 mhí), le táille iontrála agus táille imeachta suas le 1%

## Ár gCustaiméirí

Ó chuir sé tús le hoibríochtaí i mí Eanáir 2019, dhírigh MTTÉ ar fheasacht margaidh a chruthú chun an tionchar láithreach ar an tírdhreach maoinithe um fhorbairt chónaithe a uasmhéadú. Nuair a cuireadh roinnt táirgí nua leis i rith 2020, bhí gá le tuilleadh rannpháirtíochta leis an margadh chun paraiméadair gach táirge a mhíniú agus chun cabhrú le custaiméirí an táirge is fearr a oireann dá riachtanais a roghnú.

Dá réir sin, fostaíodh beirt Bhainisteoir Forbartha Gnó nua a bhfuil sé de ról acu teagmháil ghníomhach a dhéanamh ar fud an mhargaidh lenár mbonn custaiméirí atá tar éis fás go mór le bliain anuas. Díríonn gach ceann de na Bainisteoirí Forbartha Gnó ar dheighleog áirithe den mhargadh agus téann sé i dteagmháil le custaiméirí agus le páirtithe leasmhara tionscail eile.

Cé gur laghdaigh na srianta a bhain le COVID-19 ar ghluaiseacht gníomhaíocht duine in 2020, úsáideadh comhdháil gréasáin agus seimineáir ghréasáin mar rogha eile. Tá sé beartaithe cur leis an gcumarsáid agus an rannpháirtíocht seo i 2021. Ina theannta sin, cuirfear MTTÉ chun cinn go spriocdhírithé i gcontaetha ina raibh iarratais theoranta go dtí seo.

## Ár nGeallsealbhóirí

Tá an earnáil forbartha cónaithe casta agus leathan ina comhdhéanamh, agus tá baint ag go leor páirtithe leasmhara le seachadadh tí nua, lena n-áirítear:

- Innealtóirí
- Ailtirí
- Pleanálaithe
- Suirbhéirí Cainníochta
- Gníomhairí Eastáit
- Gnólachtaí Dlíthiúla
- Údaráis Áitiúla

Cé gur cuireadh go leor imeachtaí agus comhdhála beartaithe MTTÉ ar atráth, lean MTTÉ ar aghaidh ag plé le príomhchomhlachtaí gairmiúla sa tionscal mar:

- Cumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann
- Gnólachtaí Suirbhéirí Cainníochta agus Gnólachtaí Dlí
- Oifigigh shinsearacha ó Údaráis Áitiúla
- Institiúid na gCeantóirí Gairmiúla agus Luachálaithe
- Cónaidhm an Tionscail Foirgníochta
- Cumann Tógálaithe Títhe na hÉireann

Ó bunaíodh é, rinne MTTÉ iarracht teagmháil fhorleathan a dhéanamh ar fud na ngrúpaí geallsealbhóirí seo chun cuidiú leis an margadh ról MTTÉ a thuiscint agus chun a chumasú do MTTÉ an margadh a thuiscint níos fearr. Ina theannta sin, toisc gur gníomhaireacht de chuid an stáit é MTTÉ, leanaimid orainn ag obair le ranna rialtais éagsúla, an Ghníomhaireacht Tithíochta, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus Údaráis Áitiúla. Aithnímid luach na rannpháirtíochta leanúnaí agus tá plean fairsing rannpháirtíochta geallsealbhóirí ar bun do 2021, chun na caidrimh atá ann cheana a fheabhsú agus cur leo. Ina theannta sin, tá plean margaióchta mionsonraithe curtha i bhfeidhm do 2021 chun feasacht níos mó a chruthú maidir le tairiscint táirgí MTTÉ.

## Ár mBreithnithe Beartais

Faoin Acht MTTÉ, féadfaidh an tAire Airgeadais a cheangal tráth ar bith ar MTTÉ tuairisc a thabhairt ar chomhlíonadh a fheidhmeanna. Mar sin déanfar monatóireacht agus iniúchadh rialta ar MTTÉ lena chinntiú go bhfuilimid ag seachadadh ár sainordaithe agus ag soláthar maoiniú breise sa mhargadh.

Mar a fhoráiltear san Acht MTTÉ, chuir an tAire tús le hathbhreithniú ar MTTÉ lena n-áirítear tuarascáil a ullmhú chun a mhéid a chomhlíon MTTÉ a fheidhmeanna agus gur chomhlíon sé a oibleagáidí faoin reachtaíocht. Áiríodh leis an bpróiseas seo, a thosaigh i Ráithe 4 2020, aiseolas a lorg ó phríomhpháirtithe leasmhara ar fud na hearnála tógála agus tá sé le bheith críochnaithe go luath i 2021.

Tuigeann MTTÉ beartas an Rialtais a bhaineann le tithíocht, go háirithe an Creat Pleanála Náisiúnta agus Tionscadal Éireann 2040. Buaileann MTTÉ leis an Roinn Airgeadais ar bhonn rialta agus freisin, i bhfianaise na sineirgí atá faoi shainordú, leis an Roinn Tithíochta. Ina theannta sin, tá seoladh ríomhphoist sonrach bunaithe ag MTTÉ do bhaill an Oireachtais aon cheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn a chur isteach.

Le linn 2020, bhí défhócas ag MTTÉ a chinntiú go raibh na gníomhaíochtaí go léir ailínithe le beartas an Rialtais agus go raibh maoiniú MTTÉ ag teacht ar an margadh forbartha cónaithe, go háirithe agus tionchar COVID-19 ar an earnáil á chur san áireamh. Glacadh na breithnithe beartais seo trí:

- Méadú ar infhaighteacht maoinithe forbartha chun tithe nua a sheachadadh;
- Táirgí nua a thabhairt isteach agus an bonn custaiméirí a leathnú; agus
- Rannpháirtíocht agus comhoibriú rialta le gníomhaireachtaí rialtais, ranna agus ionadaithe ón tionscal tógála.

## Ár dTosaíocht um Athrú Aeráide

### Gníomhaíochtaí Iasachta

Tá dul chun cinn suntasach déanta san earnáil tógála le rialáil le blianta beaga anuas. Laghdóidh sé seo go mór an tomhaltas fuinnimh thar shaolré áitribh nua.

Gabhann MTTÉ air féin a chinntiú go gcomhlíonann gach tionscadal a mhaoineítear na caighdeán tógála is déanaí agus fíoróidh na Suirbhéirí Monatóireachta a cheapfar do gach tionscadal é seo. Cuideoidh an riachtanas seo lena chinntiú go gcomhlíonfaidh forbairtí arna maoiniú ag MTTÉ an caighdeán is airde i rialáil foirgneamh agus an tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú freisin.

Tugann na rialacháin *Foirgnimh Fuinnimh Beagnach Nialas*<sup>1</sup> (NZE) feidhmíocht fuinnimh an-ard i gcaighdeán tógála agus éilíonn siad go gcomhlíonann gach teach nua NZEB.

Ina theannta sin, chuir MTTÉ tús le planáil do tháirge Maoinithe Glas nua sa dara leath de 2020 d'fhonn seoladh chuig an margadh go luath i 2021. Is é forbairt inbhuanaithe a spreagadh tuilleadh trí thógálaithe/ fhorbróirí a spreagadh chun caighdeán atá níos airde ná an caighdeán a leagtar síos le rialachán a sheachadadh cuspóir an táirge nua seo.

### Tuarascáil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh

Tá MTTÉ comhlonnaithe le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) in oifigí ag Duga an an Státchiste, Cé an Bhalla Thuaidh, ó Lúnasa 2019. Tá rátáil Platanam LEED 2009 agus caighdeán rátála fuinnimh BER A3 bainte amach ag Duga an Státchiste.

Sonraíonn Tuarascáil Éifeachtúlachta Fuinnimh GBCN úsáid fuinnimh an fhoirgnimh agus foilsítear é le Tuarascáil Bhliantúil GBCN.

1 Ciallaíonn 'Foirgnimh Fuinnimh Beagnach Nialas' foirgneamh a bhfuil feidhmíocht fuinnimh an-ard aige. Ba cheart an fuinneamh beagnach nialasach nó an-iseal fuinnimh a theastaíonn a chumhdach go mór le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a tháirgtear ar an láithreán nó in aice láimhe.



# Cás-Staidéir



## 10 n-Aonad agus Os a Chionn

**Ainm Cuideachta:**

An Tulach Mhór Vita Stilo Ltd.

**Stádas an Tionscadail:**

Á thógáil

**Suíomh na Láithreach:**

An Tulach Mhór,  
Co. Uíbh Fhailí

**Líon na n-Aonad:**

Maoiniú ceadaithe do 28 aonad (tá pleanáil le haghaidh 98 aonad ag an bhforbairt)

## 10 n-Aonad agus Os a Chionn

**Ainm Cuideachta:**

McConway Homes Ltd.

**Stádas an Tionscadail:**

Á thógáil

**Ainm na Láithreach:**

Carrabeag

**Suíomh na Láithreach:**

Caisleán an Bharraigh,  
Co. Mhaigh Eo

**Líon na n-Aonad:**

Maoiniú ceadaithe do 17 aonad (tá pleanáil le haghaidh 68 aonad ag an bhforbairt)



## Tionscadal Tithíochta Sóisialta

**Ainm Cuideachta:**

Silzury Ltd.

**Stádas an Tionscadail:**

Beagnach críochnaithe

**Ainm na Láithreach:**

Loughlion

**Suíomh na Láithreach:**

Baile Chill Dara, Co. Chill Dara

**Líon na n-Aonad:**

79

# Rialachas agus Faisnéis Chorporáideach

## Stiúrthóirí



**Marie Collins**  
Cathaoirleach

*(Ceaptha 1 Meitheamh 2019 ar feadh téarma cúig bliana)*

*(Comhalta den Choiste Luach Saothair, Comhalta den Choiste Creidmheasa)*

Is stiúrthóir neamhfheidhmeánach í Marie Collins a bhfuil go leor taithí aici sna hearnálacha phríobháideacha agus phoiblí. Iarbhainisteoir Ginearálta Ciste Pinsean BSL, faoi láthair, fónann sí ar bhord Irish Property Unit Trust Plc, Banc na hÉireann: General Investment Trust DAC, Fondúireacht Cholaiste na Tríonóide agus Eco-UNESCO. Rinne sí cathaoirleacht roimhe seo ar the Irish Association of Pensions Funds (IAPF), chomh maith le cathaoirleacht a dhéanamh faoi láthair ar Choistí Iníúcháireachta agus Riosca roinnt eagraíochtaí. Is Stiúrthóir Cairte Marie, MBA aici ó TCD agus Diplóma Iarchéime i Rialachas Corparáideach aici ó UCD.



**Dara Deering**  
Comhalta Boird

*(Ceaptha 2 Meán Fómhair 2019 ar feadh téarma cúig bliana)*

*(Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ina comhalta ex officio)*

Is POF ar an MTTÉ í Dara Deering, a chuaigh isteach san eagraíocht ar 2 Meán Fómhair 2019. Tá cuid mhór taithí ag Dara i Seirbhísí Airgeadais tar éis oibriú mar Stiúrthóir Feidhmeannach agus mar Cheannasaí ar Bhaincéireacht Mhiondíola ag Banc KBC ó Feabhra 2012. Le linn na tréimhse sin bhí sí i gceannas ar Bhanc Mhiondíola nua, ag leathnú ar an réimse táirgí agus seirbhísí ar fáil, agus ag tairscint rogha eile baincéireachta do thomhaltóirí Éireannacha. Bhí roinnt post ceannasaíochta ag Dara sa tionscadal seirbhísí airgeadais miondíola roimh a cuid ama i KBC. Tá MBA aici ó Smurfit Business School agus céim Bhaitisiléir Eolaíochta sa Bhainistíocht ó Cholaiste na Tríonóide Baile Átha Cliath.



**Des Carville**  
Comhalta Boird

*(Ceaptha 7 Nollaig 2018 ar feadh téarma cúig bliana)*

*(Comhalta den Choiste Iníúcháireachta agus Riosca, Comhalta den Choiste Creidmheasa)*

Is ceannasaí Rannán Comhairle Scairseilbhe agus Airgeadais (SFAD) an Roinn Airgeadais é Des Carville, a bhfuil freagracht críochnú athstruchturú an chórais bhaincéireachta agus bainistíú scairsealbha agus infheistíochtaí an Stáit san earnáil bhaincéireachta air, GNBS agus an Chorporáid Éireannach um Réiteach Banc (IBRC) (ileachtú speisialta). Tá maoirseacht polasaí aige ar earnáil na gComhar Creidmheasa. Cuireann an Rannán seirbhísí comhairleacha ar fáil don Roinn. D'obair sé roimhe le Davy Corporate Finance ar feadh 15 bliana. Tá sé ina bhall de Chuntasóirí Cairte na hÉireann (FCA), tar éis bheith faoi oiliúint le KPMG ó 1994 go 1998, agus is Stiúrthóir Cairte Bainc é leis an Institiúid Baincéireachta. Tá sé ina stiúrthóir ar an Bhanc Eorpach Infheistíochta.



**Grainne Hennessy**  
**Comhalta Boird**

*(Ceaptha 1 Meitheamh 2019 ar feadh téarma cúig bliana)*  
*(Cathaoirleach an Choiste Luach Saothair, Comhalta den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca)*

Is comhpháirtí sinsearach ag Arthur Cox í Grainne Hennessy le thar 27 mbliain taithí ag tabhairt comhairle do iasachtóirí agus do iasachtaithe faoi mhaoiniú infheistíochtaí eastát réadacha, agus roinnt de na tionscadail airgeadais tógála sa tír ina measc. Bhí sí ina Ceannasaí ar an Roinn Airgeadais agus ina comhalta de choiste bainistíochta Arthur Cox ar feadh sé bliana.



**Andrew O'Flanagan**  
**Comhalta Boird**

*(Ceaptha 7 Nollaig 2018 ar feadh téarma cúig bliana)*  
*(Comhalta den Choiste Luach Saothair, Comhalta den Choiste Creidmheasa)*

Is Stiúrthóir den Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta agus RÉnua ag an Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) é Andrew O'Flanagan. Bhí sé ina Cheannasaí Grúpa ag BSL agus ina Phríomhoifigeach Dlí ag Ervia sular tháinig sé isteach i GBCN i 2011 agus d'oibrigh sé i Nua-Eabhrac agus Londain ar feadh seacht mbliana mar dhlíodóir corparáideach leis an ghnólacht dlí de chuid Wall Street, Davis Polk & Wardwell, a raibh iasacht ag an bhanc infheistíochta idirnáisiúnta Morgan Stanley san áireamh. Is céimí de NUI Gaillimh agus Scoil Dlí Yale (áit a raibh sé ina Scolaire John F. Kennedy) é.



**Ken Slattery**  
**Comhalta Boird**

*(Ceaptha 1 Meitheamh 2019 ar feadh téarma ceithre bliana)*  
*(Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca)*

Tá an-chuid taithí seomra boird san earnáil seirbhíse airgeadais ag Ken Slattery, atá ar bhord Permanent TSB faoi láthair áit a ina bhfuil sé ina bhall de na Coistí Iniúchóireachta agus Luach Saothair. Tá sé ar bhord na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte freisin áit a bhfuil sé ina Chathaoirleach ar an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Bhí roinnt postanna sinsearacha ceannasaíochta aige le Banc na hÉireann roimhe, Stiúrthóir Baincéireacht Corparáideach (15 bliana) agus Stiúrthóir Creidmheasa & Oibríochtaí leis an Fhoras Airgeadais Shóisialta (naoi mbliana) ina measc. Tá sé ina chomhalta de Institiúid na mBaincéirí agus is Stiúrthóir Banc Cairte é.



**Claire Solon**  
**Comhalta Boird**

*(Ceaptha 1 Meitheamh 2019 ar feadh téarma cúig bliana)*  
*(Comhalta den Choiste Creidmheasa)*

Is Stiúrthóir Bainistíochta ag Greystar í Claire Solon ag bainistiú infheistíochta agus forbartha iltheaghlaigh in Éirinn. Bhí postanna roimhe aici mar Cheannasaí Réadmhaoine ag Aviva, ag bainistiú níos mó ná €600m de chistí réadmhaoine in Éirinn agus sa RA agus Ceannasaí ar Bhainistíocht Eastát ag BSL, freagrach as bainistíocht punann réadmhaoine. Bhí sí ina hÚachtarán ar Chumann na Suirbhéirí Cairte in 2016 agus ar Bhord an Irish Green Building Council.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

## Rialachas

Ionchorpraíodh MTTÉ mar chomhlacht gníomhaíochta ainmnithe de bhun an Achte um Maoiniú Tógála Tithíochta Éireann 2018 (“an tAcht um MTTÉ 2018”) ar 7 Nollaig 2018. Aonán grúpa, ionchorpraíodh Maoiniú Tógála Tithíochta Éireann (Iasachtú) CGA (“MTTÉ”) ina dhiadh sin ar 4 Eanáir 2019. Tá an Bord freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus déanann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus trí chinntiú straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomhcheist ghnó. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann bhainistíochta shinsearach atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh rialta MTTÉ laistigh de leibhéal údaráis ar leith. Ní mór don POF agus don fhoireann bhainistíochta shinsearach cloí leis an treo leathan straitéiseach atá leagtha síos ag an mBord agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na cinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha a d’fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir Bord agus bainistíocht MTTÉ,

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá feidhmeanna MTTÉ forordaithe in Alt 7 d’Acht MTTÉ 2018. Tá sceideal foirmeálta ábhar curtha i leataobh lena gcinneadh ag an mBord. Áirítear leis seo:

- Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais;
- Polasaí Bainistíochta Riosca;
- Ráiteas ar Mholadh Riosca, critéir cháilitheachta san áireamh;
- Plean Straitéiseach;
- Buiséod Bhliantúil agus Pleananna Corparáideach;
- Áiseanna maoinithe;
- Ceapachán agus téarmaí agus coinníollacha an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (tar éis dul i gcomhairle leis an Aire); agus
- Polasaí luach saothair foriomlán agus plean soláthar foirne.

Ceanglaíonn Acht MTTÉ 2018 ar MTTÉ ráitis airgeadais a ullmhú maidir lena chuid oibríochtaí do gach bliain airgeadais. Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir FRS 102 (Márta 2018), an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn agus de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord MTTÉ:

- Roghnaigh beartais chuntasaíochta oiriúnacha agus cuir i bhfeidhm go comhsheasmhach iad;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí é sin a dhéanamh; agus
- Aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcoinníonn MTTÉ taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a thugann míniú agus taifead ceart ar idirbhearta na Cuideachta, a chumasaíonn sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó cailleanas na Cuideachta ag tráth ar bith. a chinneadh le cruinneas réasúnta, ag cur ar a gcumas a chinntiú go gclóíonn na Ráitis Airgeadais agus Tuarascáil na Stiúrthóirí le hAcht na gCuideachtaí 2014 agus go gcumasaítear na ráitis airgeadais a iniúchadh.

Tá an Bord freagrach as buiséad ioncaim agus caiteachais MTTÉ a fhormheas. Athbhreithníonn an Bord na réamh-mheastacháin i gcoinne an bhuiséid agus na spriocanna i rith na bliana agus déantar athbhreithniú ar éagsúlachtaí ag deireadh na bliana.

Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaíoch agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais MTTÉ léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais MTTÉ an 31 Nollaig 2020.

## Struchtúr an Bhoird

Forálann Bunreacht MTTÉ go mbeidh ar a laghad tríúr stiúrthóir agus seachtar stiúrthóir ar an chuid is mó, duine dóibh siúd an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin mar bhall ex-officio den Bhord ar dhuine acu. Cheap an tAire na chéad tríúr stiúrthóir ar fhoirmiú agus ar chlárú MTTÉ agus ceapadh an ceathrar stiúrthóir breise ar 1 Meitheamh 2019 tar éis próiseas na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí. Ceapadh an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin chun an Bhord i Meán Fómhair 2019 ag teach in áit duine de na stiúrthóirí bunaidh.

Is é an tAire a cheapann an Cathaoirleach.

Ní rachaidh téarma oifige stiúirthóra thar chúig bliana. Tá sonraí na stiúirthóirí reatha agus a dtréimhsí ceapacháin leagtha amach ar leathanaigh 16 go 17.

Tá trí choiste bunaithe ag an mBord chun cabhrú leis a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh, agus tá téarmaí tagartha foirmiúla ag gach ceann acu:

- An Coiste Iniúchta agus Riosca
- An Coiste Creidmheasa
- An Coiste Luach Saothair

Le haghaidh tuilleadh eolais ar choistí an Bhoird, féach Tuarascálacha an Choiste ar leathanaigh 23 go 24.

Ina theannta sin, tá cinntí creidmheasa áirithe tarmligthe ag an mBord chuig Coiste Creidmheasa na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin trí Bheartas an Údaráis Tarmligthe, atá faoi réir athbheithnithe rialta ag an mBord.

Cuimsíonn plean an Bhoird riachtanas don Bhard tabhairt faoi meastóireacht bhliantúil ar a fheidhmíocht féin agus ar a Choistí.

Tacaíonn Rúnaí an Bhoird lena chuid feidhmeanna ina chuid feidhmeanna agus déanann sé comhordú freisin ar ghníomhaíochtaí na gcoistí Boird éagsúla.

## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe an Bhoird agus na gCoistí do 2020 leagtha amach thíos lena n-áirítear na táillí agus na costais a fhaigheann gach comhalta ina gcáil mar chomhalta Boird nó Coiste:

	Bord	An Coiste Iniúchta agus Riosca	An Coiste Creidmheasa	An Coiste Luach Saothair	Táillí 2020 €	Costais 2020 €
<b>Líon na gCruinnithe</b>	<b>15</b>	<b>6</b>	<b>3</b>	<b>2</b>		
<b>Baill an Bhoird</b>						
Dara Deering	15		3			
Marie Collins	15		3	2	€31,500	
Des Carville	15	6	2			
Grainne Hennessy	14		2	2	€15,750	
Andrew O'Flanagan	15		3	2		
Ken Slattery	15	6	2		€15,750	
Claire Solon	15	6	2		€15,750	
<b>Staff Members</b>						
Sean Alger			3			
Michael Broderick			0			

Ní fhaigheann an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (comhalta de bhri oifige), Andrew O'Flanagan (GBCN) nó Des Carville (Roinn Airgeadais) aon luach saothair maidir lena mballraíocht ar an mBord. Ní fhaigheann baill foirne aon luach saothair breise maidir le ballraíocht i gcoistí.

## Cothromaíocht Inscne i mballraíocht an Bhoird

Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí ceathrar ball bainean (57%) agus tríúr ball fireann (43%) ar an mBord, gan aon phoist folamh.

Tá na bearta seo a leanas i bhfeidhm chun cothromaíocht inscne a choinneáil agus tacú leis ar an mBord seo:

- Ní théann téarma oifige comhaltá ceaptha thar chúig bliana; agus
- Líontar folúntais bhoird tríd an bpróiseas Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a chuireann san áireamh na ceanglais atá leagtha amach i Roinn 4.4 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit maidir le héagsúlacht.

## Príomhathruithe Pearsanra

Ní dhearnadh aon athruithe ar chomhaltá an Bhoird ná ar an bhfoireann bainistíochta sinsearaí le linn 2020.

## Luach saothair

Foráiltear in Acht MTTÉ 2018 go sannfaidh an GBCN an oiread dá fhoireann ar MTTÉ de réir mar a chinnfidh MTTÉ a bheith riachtanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, is fostaithe de chuid GBCN iad foireann uile MTTÉ.

Tá samhail luach saothair an GBCN bunaithe ar chonarthaí fostaíochta rúnda, idirbheartaithe ina n-aonar, le luach saothair iomaíoch, ailínithe ar an margadh. Cuimsíonn an gnáthphacáiste luach saothair tuarastal bonn seasta, teidlíocht pinsin agus soláthar do phá lánroghnach a bhaineann le feidhmíocht.

Tá íocaíochtaí lánroghnacha a bhaineann le feidhmíocht ceaptha chun luach saothair a thabhairt do fheidhmíocht eisceachtúil ag féachaint d'fheidhmíocht an fhostaí féin, d'fheidhmíocht réimse freagrachta an fhostaí, agus feidhmíocht fhoriomlán MTTÉ. Déantar íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht de réir na bparaiméadar atá faofa ag an mBord ar mholadh an Choiste Luach Saothair. Tá méid iomlán na n-íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht a dhéantar i leith aon bhliana faoi réir ag faomhadh an Bhoird freisin.

Ní dharna an MTTÉ aon íocaíochtaí a bhain le feidhmíocht le seisear ball foirne in 2021 maidir le 2020.

## Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe os cionn €50,000 in 2020 a rangú sna bandaí seo a leanas:

Raon	Líon na bhFostaithe
€50,001 go dtí €75,000	1
€75,001 go dtí €100,000	10
€100,001 go dtí €125,000	3
€125,001 go dtí €150,000	3
€150,001 go dtí €175,000	1
€175,001 go dtí €200,000	1
€200,001 go dtí €225,000	0
€225,001 go dtí €250,000	0
€250,001 go dtí €275,000	1
€275,001 go dtí €300,000	0
<b>Iomlán</b>	<b>20</b>

Nóta: Chun críocha an nochtá seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe a tugadh le linn 2020 tuarastal, sochair incháinite eile a íoctar le fostaithe (lena n-áirítear íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht), agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann na bhfostaithe, ach níl ÁSPC an fhostóra nó deonacháin pinsin an fhostóra san áireamh.

## Nochtadh a theastaíonn de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chloígh MTTÉ le ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (“an Cód”), mar a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Is iad seo a leanas na nochtuithe seo a leanas: a cheanglaítear leis an gCód:

### Costais Chomhairliúcháin

I measc na gcostas chomhairliúcháin tá costas na comhairle seachtraí don lucht bainistíochta agus ní áirítear leo feidhmeanna mar ‘an gnó mar is gnáth’seachfhoinisithe.

	2020 €’000	2019 €’000
Comhairle dlí	55	298
Comhairle airgeadais	52	30
Margaíocht/ Dearadh/Caidreamh Poiblí	33	27
Acmhainní Duine	18	14
Eile	42	28
<b>Iomlán na gcostas chomhairliúcháin</b>	<b>200</b>	<b>397</b>
Costais chomhairleoireachta caipitlithe	0	0
Costais chomhairliúcháin curtha de mhúirear ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	200	397
<b>Iomlán na gcostas chomhairliúcháin</b>	<b>200</b>	<b>397</b>

### Costais Dlí agus Socraíochtaí

Níor tabhaidh aon chaiteachas in 2020 maidir le costais dlí agus socraíocht.

### Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a rangú mar seo a leanas:

	2020 €’000	2019 €’000
Baile		
– Bord	0	0
– Fostaithe	13	11
Idirnáisiúnta		
– Bord	0	0
– Fostaithe	0	0
<b>Iomlán</b>	<b>13</b>	<b>11</b>

### Caiteachas Fáilteachais

Cuimsíonn an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach €1k (2019: €2.8k) maidir le caiteachas fáilteachais foirne in 2020.

### Ráiteas Comhlíonta

Chomhlíon MTTÉ an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit i ngach slí ábhartha, mar a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le líon teoranta oiriúnuithe/éagsúlachtaí a comhaontaíodh leis an Roinn Airgeadais mar a dhéantar achoimre orthu thíos:

### Nithe a Forchoimeádh le Cinneadh ag an mBord

Leagtar amach sa Chód sceideal foirmiúil ábhar atá forchoimeáda go sonrach le haghaidh cinnidh ag an mBord. Seachas “leasuithe suntasacha ar shochair phinsin an Phríomhfheidhmeannaigh agus na foirne” atá ina ábhar do Bhord GBCN toisc gur fostaithe de chuid GBCN iad gach ball foirne de chuid MTTÉ agus go bhfuil siad ina mbaill de scéim aoisliúntais an GBCN, áirítear na nithe seo a leanas i Sceideal na nÁbhar Forchoimeáda atá leagtha amach sa Chód.

### **Neamhchomhlíonadh Oibleagáidí Reachtúla**

I bhfianaise an réimse leathan oibleagáidí reachtúla ábhartha a bhfuil MTTÉ faoina réir, tá sé beartaithe aghaidh a thabhairt ar an gceanglas i dtaca le na hoibleagáidí is suntasaí a bhfuil MTTÉ faoina réir agus scagaire ábharthachta a chuir ar aon tuairisciú imeachta neamhchomhlíonaithe chuig an Aire.

### **Coiste Iniúchta agus Riosca**

Molann an Cód gur cheart go roghnófar baill an Choiste Iniúchta agus Riosca ó thaobh amuigh den Bhord. Cé go bhfuil an Coiste comhdhéanta go hiomlán de bhaill neamhfheidhmiúcháin Boird, tá an Bord sásta go bhfuil the scileanna agus an taithí riachtanach ag na baill le tabhairt faoi an ról riachtanach.

### **Cód Caiteachais Phoiblí**

Is dóchúil go mbeidh an cur i bhfeidhm ar an gCód Caiteachais Phoiblí teoranta do MTTÉ mar gurb é a phríomhghníomhaíochtaí maoiniú a fháil, agus soláthar maoiniú do iasachtaí. I gcás go dtéann an MTTÉ i mbun tionscadail caipiteal, déanfar athbhreithniú eile ar infheidhmeacht an Chóid Caiteachais Phoiblí.

### **Luach Saothair agus Aoisliúntas**

Foráiltear in Acht MTTÉ 2018 go sannfaidh an GBCN an oiread dá fhoireann ar MTTÉ de réir mar a chinnfidh MTTÉ a bheith riachtanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, is fostaithe de chuid GBCN iad foireann uile MTTÉ.

Faomhann Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an GBCN, a dhéanann ionadaíocht ar an GBCN mar fhostóir, ábhair luach saothair i leith fostaithe an MTTÉ, mar fhostóir, de réir na gcritéar agus na socruithe maoirseachta a aontaíodh ó am go ham le MTTÉ, Maidir leis na critéir agus na socruithe maoirseachta seo, tá Coiste Luach Saothair bunaithe ag Bord MTTÉ agus tá beartas foirmiúil luach saothair curtha i bhfeidhm aige. Agus forálacha an Chóid maidir le luach saothair á gcomhlíonadh acu, ghlac MTTÉ leis na forálacha a bhaineann le comhlachtaí tráchtála Stáit, arna n-oiriúnú i bhfianaise a struchtúir rialachais agus tuairiscithe agus a shamhail luach saothair ar leith.



## Tuarascálacha Coiste

### Tuarascáil an Choiste Iniúchta agus Riosca

Is é ról an Choiste Iniúchta agus Riosca cabhrú leis an mBord maidir le maoirseacht a dhéanamh ar:

- cáilíocht agus sláine na ráiteas airgeadais; athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh; an próiseas iniúchta inmheánaigh agus an fheidhm chomhlíonta; agus an t-athbhreithniú ar aschuir ón iniúchóir seachtrach, ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (RC&C); agus
- creat bainistíochta riosca MTTÉ lena n-áirítear goile riosca a leagan síos; monatóireacht ar chloí le rialachas riosca agus a chinntiú go ndéantar rioscaí a aithint, a mheasúnú, a bhainistiú agus a thuirisciú i gceart.

Tá triúr comhalta neamhfheidhmiúcháin arna gceapadh ag an mBord sa Choiste. Is iad comhaltaí reatha an Choiste:

- Ken Slattery, Cathaoirleach
- Des Carville
- Grainne Hennessy

Ceapadh Grainne Hennessy ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca le héifeacht ó 1 Eanáir 2021, in ionad Claire Solon a bhí ina comhalta i rith 2020. Tháinig sé seo i ndiaidh cinnidh a rinne MTTÉ go déanach in 2020 athbhreithniú a dhéanamh ar bhallraíocht a choistí.

Tháinig an Coiste le chéile sé huairé i 2020.

### Tuairisciú Airgeadais

Rinne an Coiste athbhreithniú ar na dréachráitis airgeadais agus mhol sé don Bhord iad. Dhírigh an t-athbhreithniú ar na modhanna cuntasaióchta, ar Acht na gCuideachtaí 2014 agus ar shoiléire agus iomláine na nochtai ag teacht le caighdeán chuntasaíochta infheidhmithe, agus forálacha ábhartha an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar an Ráiteas Rialachais agus ar Thuarascáil na gComhaltaí Boird, agus ar ráitis maidir le bainistíocht riosca lena gcur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil MTTÉ.

### Rialuithe Inmheánacha

D'athbhreithnigh an Coiste éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Rinne sé athbhreithniú freisin ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach atá le cur san áireamh i ráitis airgeadais 2020 agus mhol sé é don Bhord. Bhí an t-athbhreithniú bunaithe ar thuarascáil ón mbainistíocht maidir leis na dearbhuithe atá sa Ráiteas agus clár oibre mionsonraithe an Choiste, lena n-áirítear tuarascálacha rialta iniúchta agus riosca inmheánacha.

### Iniúchadh Inmheánach

Is é feidhm Iniúchta Inmheánaigh GBCN a bhainistíonn próiseas iniúchta inmheánaigh MTTÉ. Fuair an Coiste tuarascálacha rialta ón iniúchadh inmheánach. Rinne sé athbhreithniú ar na príomhthorthaí ó thoradh athbhreithnithe iniúchta aonair a cuireadh i gcrích faoi phlean iniúchta inmheánaigh riosca-bhunaithe 2020 agus rinne sé monatóireacht ar chur i bhfeidhm mholtai iniúchta. Cheadaigh an Coiste plean iniúchta inmheánaigh 2021. Cheadaigh sé freisin glacadh le Cairt Iniúchta Inmheánaigh GBCN a chuimsíonn tagairt shonrach do MTTÉ anois. Buaileann an Coiste go príobháideach le Ceann Iniúchta Inmheánaigh GBCN gan an bhainistíocht i láthair go bliantúil ar a laghad.

### Iniúchadh Seachtrach

Is é iniúchóir seachtrach MTTÉ an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste. D'athbhreithnigh an Coiste an plean iniúchta seachtrach, na príomhréimsí fócais agus téarmaí rannpháirtíochta an iniúchta. Rinne sé monatóireacht freisin ar fhreagairt na bainistíochta ar thorthaí an iniúchóra a d'eascair as an iniúchadh ar ráitis airgeadais 2019. Tá an Coiste le buaileadh leis an iniúchóir seachtrach gan bainistíocht i láthair go bliantúil ar a laghad.

### Riosca

D'athbhreithnigh an Coiste Polasaí agus Creatlach Bhainistíocht Riosca MTTÉ agus an Ráiteas ar Mholadh Riosca don Bhord agus fuair sé tuairiscí rialta ar rioscaí MTTÉ agus ar na rialuithe atá i bhfeidhm chun rioscaí a mhaolú. Buaileann an Coiste go príobháideach leis an gCeann Riosca gan an lucht bainistíochta i láthair go bliantúil ar a laghad.

### Comhlíonadh

Rinne an Coiste athbhreithniú ar an tuarascáil bhliantúil ar chomhlíonadh agus ar na seirbhísí a sholáthraíonn GBCN Compliance. Buaileann an Coiste le Ceann Comhlíonta GBCN uair sa bhliain ar a laghad gan an bhainistíocht a bheith i láthair.

## Eile

Rinne an Coiste athbhreithniú ar a théarmaí tagartha agus mhol sé leasuithe ar an mBord. Ceadáíodh tosaíochtaí an Choiste maidir le 2021 mar chuid dá Chlár Oibre 2021.

## Tuarascáil an Choiste Creidmheasa

Oibríonn an Coiste faoi údarás tarmligthe ó Bhord MTTÉ ag a bhfuil an fhreagracht dheiridh acu as riosca creidmheasa MTTÉ. I gcomhréir le inghlacthacht riosca ceadaithe ag an mBord, agus ag brath ar polasaithe creidmheasa comhaontaithe, tá an Choiste Creidmheasa freagrach as ceadú feidhmeanna creidmheasa i líne le húdrás ceadaithe creidmheasa mar a áirítear sa Pholasáí Údarás Tarmligthe ceadaithe ag an mBord.

Is ceathrar comhalta neamhfheidhmiúcháin den Bhord, an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar fad a chuimsíonn an Choiste, agus beirt chomhalta de Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin an MTTÉ. Is iad seo a leanas comhaltaí reatha an Choiste:

- Marie Collins Cathaoirleach (Cathaoirleach Boird)
- Des Carville
- Andrew O’Flanagan
- Claire Solon
- Dara Deering
- Michael Broderick (Príomhoifigeach Tráchtála MTTÉ)
- Sean Alger (Ceannasaí Creidmheasa agus Riosca MTTÉ)

Bhí Grainne Hennessy agus Ken Slattery ina gcomhaltaí den Choiste le linn 2020 ach scoir siad de bheith ina gcomhaltaí ar an 31 Nollaig 2020 mar chuid d’athbhreithniú ag MTTÉ ar chomhdhéanamh a choistí.

Tháinig an Coiste Creidmheasa le chéile trí huairte i rith na bliana. Ba é a phríomhghníomhaíocht athbhreithniú ar thograí creidmheasa mionsonraithe ón mbainistíocht.

Rinne an Bord athbhreithniú ar théarmaí tagartha an Choiste Creidmheasa le linn 2020.

## Tuarascáil an Choiste Luach Saothair

Cabhraíonn an Coiste Luach Saothair leis an mBord maidir le cúrsaí luach saothair maidir le fostaithe GBCN a shanntar don MTTÉ de réir na gcritéar agus na socrúithe maoirseachta a aontaíodh leis an GBCN. Tá an Bord freagrach as Beartas Luach Saothair foriomlán MTTÉ agus tá sé faoi threoir a chuid freagrachtaí trí chomhairle agus moltaí an Choiste Luach Saothair.

Tá triúr comhalta neamhfheidhmiúcháin arna gceapadh ag an mBord sa Choiste. Is iad na comhaltaí reatha:

- Grainne Hennessy, Cathaoirleach
- Andrew O’Flanagan
- Marie Collins

Tháinig an Coiste Luach Saothair le chéile faoi dhó le linn 2020. Moladh an Beartas Luach Saothair don Bhord. Rinne an Coiste athbhreithniú ar a théarmaí tagartha agus mhol sé leasuithe don Bhord.

## Bainistíocht Riosca

Tá sé mar aidhm ag MTTÉ riosca a bhainistiú ar bhealach eolasach agus réamhghníomhach, i gcomhréir lena Pholasáí agus Creat um Bainistiú Riosca agus a Ráiteas um Mholadh Riosca, sa chaoi go bhfuil leibhéal an riosca a nglactar leis ag teacht lena ghníomhaíocht ghnó bhunúsach, agus go dtuigeann agus go bhfuil MTTÉ ábalta tionchar aon rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn a bhainistiú nó a ionsú. Comhlíonann MTTÉ forálacha bainistíochta riosca an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Le linn 2020, rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca agus an Bord athbhreithniú ar an gClár Rioscaí ar bhonn rialta, agus fuair an Bord nuashonruithe rialta maidir le bainistíocht riosca agus rioscaí arda agus éiritheacha.

### Róil agus Freagrachtaí

#### Bord

Tá an Bord freagrach as an fonn riosca a shocrú agus as maoirseacht agus treorú a dhéanamh ar ghníomhaíocht bainistíochta riosca ar fud MTTÉ. Tá sé sainordaithe ag an mBord go ndéanfar bainistíocht riosca a chomhtháthú agus a neadú i ton agus i gcultúr MTTÉ agus glacadh leis seo ar fud MTTÉ, le gach comhalta d'fhoireann MTTÉ freagrach as aithint agus bainistíocht rioscae. Tá bainistíocht freagrach as athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an gclár riosca agus ag deimhniú go bhfuil na rialuithe sonraithe i bhfeidhm.

#### An Coiste Iniúchta agus Riosca

Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Bheartas agus Creat Bainistíochta Riosca MTTÉ agus a chinntiú go soláthraíonn samhail rialachais bainistíochta riosca MTTÉ leibhéal iomchuí neamhspleáchais agus dúshláin. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca don Bhord.

### Trí Líne Cosanta

#### An Chéad Líne Cosanta

Tá Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca MTTÉ bunaithe ar na trí líne chosanta cosanta. Laistigh den tsamhail seo, téann agus bainistiú foireann MTTÉ agus bainistíocht shinsearach (an chéad líne chosanta) na rioscaí.

#### An Dara Líne Cosanta

Soláthraíonn feidhm Riosca MTTÉ (an dara líne cosanta) dúshlán neamhspleách maoirseachta agus oibiachtúil don chéad líne chosanta. Soláthraíonn siad monatóireacht agus tuairiscí riosca freisin.

#### An Tríú Líne Cosanta

Feidhmíonn feidhm na hIniúcháireachta Inmheánaí mar chuid de thríú líne chosanta trí dhearbhu neamhspleách, réasúnach bunaithe ar riosca a sholáthar do phríomhpháirtithe leasmhara maidir le stóinseacht chóras bainistíochta riosca MTTÉ, a rialachas agus dearadh agus éifeachtacht oibriúcháin an chomhshaoil rialaithe inmheánaigh.

### Iniúchadh

De réir na gceanglas reachtúil, déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar MTTÉ. Is é feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí GBCN a bhainistiú próiseas iniúchta inmheánaigh MTTÉ agus áirítear leis gnólacht seachtrach, atá faoi láthair KPMG, a ceapadh chun obair iniúchta inmheánaigh a dhéanamh ag tuairiscí do Cheann Iniúchta Inmheánaigh GBCN.

### Príomhrioscaí

Tá MTTÉ nochta do réimse leathan rioscaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a fheidhmíocht airgeadais agus oibriúcháin. Bunaíonn an Beartas agus an Creat um Bainistíocht Riosca na próisis chun riosca a aithint, a mheasúnú, a thuairiscí agus a mhaolú. D'aithin MTTÉ na príomhrioscaí seo a leanas a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do bhaint amach a chuspóirí. Ina theannta sin, coinníonn MTTÉ Clár Riosca cuimsitheach a aithníonn na rioscaí go léir atá os comhair MTTÉ, lena n-áirítear riosca creidmheasa, riosca margaidh, riosca leachtachta agus riosca ráta úis i measc nithe eile. Chomh maith le sin, d'fhéadfadh riosca do chúl tarlú mar gheall ar na rioscaí seo.

Tá dúshláin bhreise ardaithe ag COVID-19 agus tá an cumas aige nochtadh MTTÉ ar chuid de na rioscaí seo a mhéadú – tá rialuithe agus próisis shonracha curtha i bhfeidhm nuair is iomchuí chun an riosca méadaithe seo a mhaolú. Rinne an Bhainistíocht athbhreithniú leathan ar thionchar COVID-19 ar phróifíl riosca na heagraíochta agus rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú air.

	<b>Cur síos ar an Riosca</b>	<b>Beart Maolaithe Riosca</b>
<b>Riosca Creidmheasa</b>	Sainítear Riosca Creidmheasa mar riosca de chaillteanas airgeadais mar thoradh ar neamhábaltacht contrapháirtí a oibleagáidí conartha do MTTÉ a chomhlíonadh i dtaca le hiasachtaí nó beartanna airgeadais eile. Cuimsíonn riosca loicthe, riosca aisghabhála, riosca neamhchosanta agus riosca réitigh.	Le beartanna maolaithe riosca MTTÉ áirítear athbheithniú láidir agus próiseas ceadaithe, géilleadh do pholasaithe agus nósanna imeachta iasachta agus creidmheasa cuí, monatóireacht leanúnach agus athbhreithniú ar áiseanna.
<b>Riosca Damáiste Clú</b>	D'fhéadfadh MTTÉ bheith i mbaol damáiste clú ó thuairim dhiúltach custaiméirí, contrapháirtithe, scairshealbhóirí nó geallsealbhóirí eile i leith iomhá MTTÉ a mbeadh caillteanas gnó dá bharr.	Déantar an riosca seo a mhaolú tríd chloí le polasaithe agus nósanna imeachta a dhéantar a thástáil trí iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha araan.
<b>Riosca Oibríochta</b>	Tá MTTÉ nochtaithe ag riosca oibríochtúil ag éirí as a bpróisis inmheánacha, daoine agus córais nó eachtraí seachtracha lena n-áirítear eachtraí aimsire nó paindéim. I measc na bpríomhrioscaí oibríucháin tá teip ar chórais, earráidí a thuairisciú, bearnú cosanta sonraí, teip ar nósanna imeachta a leanúint le go bhféadfadh teip ar MTTÉ a aidhmeanna a bhaint amach agus/nó damáiste suntasach tarlú dá chlú.	Déantar an riosca seo a mhaolú trí bhainistíocht chuí agus structúr monatóireachta agus an cumas córais reatha, próisis agus rialaithe an GCBN agus soláthraithe seirbhísí seachtracha a threisiú.
<b>Riosca Comhlíonta</b>	An riosca go bhféadfaí dúshán dhlíthiúil a dhéanamh in aghaidh MTTÉ faoi rialacha Cúnamh Stáit nó teip ar MTTÉ cloí le riachtanais agus spriocdhátaí rialála reatha agus/nó reachtaíochta nó riachtanais a dhaingniú ina bpróisis. Ní mór do MTTÉ cloí le líon riachtanas reachtaíochta lena n-áirítear dlí cosanta sonraí, reachtaíocht fhrith-sciúradh airgid nó Rialacha Cúnamh Stáit.	Déantar an riosca seo a mhaolú trí thuairisc Prionsabal Oibrítheora Geilleagar Margaidh bhliantúil agus cloí le polasaithe agus nósanna imeachta ábhartha chomh maith le tacaíocht oibríochtúil agus seirbhísí curtha ar fáil ag GCBN faoi Chomhaontú Seirbhíse lena n-áirítear Oifigeach um Chosaint Sonraí agus Oifigeach Tuairisciú Sciúradh Airgid.
<b>Riosca Covid-19</b>	An riosca go bhféadfadh paindéim COVID-19 tionchar diúltach a imirt ar fheidhmíocht MTTÉ ar fud gach réimse riosca.	Maolaítear an riosca seo trí thionscnaimh a tugadh isteach chun tacú le forbairt gnó in éineacht le rialuithe sonracha a tugadh isteach chun na rioscaí a eascraíonn as an bpaindéim a mhaolú. Rinne an Bhainistíocht athbhreithniú leathan ar thionchar COVID-19 ar phróifíl riosca na heagraíochta agus rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú air.

## Foireann Bainistíochta



**Dara Deering**  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



**Michael Broderick**  
Príomhoifigeach Trachtála



**Sean Alger**  
Ceannasaí Creidmheasa  
agus Riosca



**Denise Donovan**  
Ceannasaí Oibríochtaí  
agus Airgeadais



**Paula Flinter**  
Ceannasaí Dí



**Fergus Mangan**  
Bainisteoir Roinne – Iasachtú

# Ráitis Airgeadais

An Chuideachta agus Faisnéis Eile	29
Tuarascáil na Stiúrthóirí	30
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí	32
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	33
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	35
Ráiteas Comhdhlúite Ioncam Cuimsitheach	38
Ráiteas Comhdhlúite maidir leis an Staid Airgeadais	39
Ráiteas Comhdhlúite maidir le hAthruithe ar Chothromas	40
Ráiteas Comhdhlúite ar Shreafaí Airgid	41
Ráiteas Cuideachta Ioncaim Cuimsitheach	42
Ráiteas Cuideachta maidir leis an Staid Airgeadais	43
Ráiteas Cuideachta maidir le hAthruithe ar Chothromas	44
Ráiteas Cuideachta ar Shreafaí Airgid	45
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	46

# An Chuideachta agus Faisnéis Eile

## Stiúrthóirí

Andrew O’Flanagan  
Claire Solon  
Dara Deering  
Desmond Carville  
Grainne Hennessey  
Marie Collins  
Timothy Ken Slattery

## Rúnaí na Cuideachta

Caroline Ensor

## Oifig Chláraithe

Duga an Státhiste  
Cé an Phoirt Thuaidh  
Baile Átha Cliath 1  
D01 A9T8

## Baincéirí

### **Bainc-Aontas Éireann cpt**

Sráid Theach Laighean  
Baile Átha Cliath 2  
D02 W260

### **Banc Ceannais na hÉireann**

Sráid Wapping Nua  
Cé an Phoirt Thuaidh  
Baile Átha Cliath 1  
D01 F7X3

## Iníúcháir

Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste  
3A Sráid an Mhéara Uachtarach  
Baile Átha Cliath 1  
D01 PF72

## Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann Stiúrthóirí Mhaoiníú Teaghais-Tógála Éireann Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe a dtuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais comhdhlúite iniúchta don bhliain ag críochnú ar 31 Nollaig 2020 (“an bhliain airgeadais”)

Ionchorpraíodh Maoiníú Teaghais-Tógála Éireann CGA (“MTTÉ” nó an “Cuideachta”), an chuideachta sealbhaíochta, ar 7 Nollaig 2018 (clárú cuideachta 639272) de bhun an Achta um Maoiníú Teaghais-Tógála Éireann 2018 (“Acht MTTÉ 2018”) a achtaíodh ar 3 Nollaig 2018.

Ag corprú, chionroinn agus d’eisigh an chuideachta sealbhaíochta scaireanna le luach ainmiúil de €20 milliún chuig an Aire Airgeadais. Bhunaigh an MTTÉ agus is scairshealbhoir 100% í de Maoiníú Teaghais-Tógála Éireann (iasachtú) CGA (“MTTÉI” nó an “Fochuideachta”) a corpraíodh ar 4 Eanáir 2019 (clárú cuideachta 640801).

### Príomhghníomhaíochtaí

Ba iad soláthar maoiníú féich ar son forbairt cónaithe sa Stát príomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa. Solathraíonn MTTÉI maoiníú do fhorbróirí atá ag iarraidh tionscadail forbairtí cónaithe inmharthanna a thógáil in Éirinn ar bhonn téarmaí agus coinníollacha coibhéise tráchtála agus margaidh.

### Athbhreithniú gnó

Is cuid de Thuarascáil na Stiúrthóirí i Tuarascáil Bhliantúil 2020 (“an Tuarascáil”). Tugtar tuairisc i Ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin sa Tuarascáil Bhliantúil ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht MTTÉ sa bhliain airgeadais agus ar theagmhais mhóra a tharla le linn na tréimhse. Tá tuilleadh faisnéise maidir le straitéis, samhail ghnó agus oibríochtaí MTTÉ leagtha amach i rannán Athbhreithniú Gnó an Tuarascáil.

Le linn na bliana airgeadais, dhírigh MTTÉ ar a thairiscint táirge a leathnú chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí a sainaitníodh tar éis athbhreithniú straitéiseach ar an margadh forbartha cónaithe i R1 2020. Sheol sé táirge freisin mar fhreagairt dhíreach ar COVID-19 chun leanúnachas airgeadais a chinntiú don earnáil ag am a bhfuil éiginnteacht mhéadaithe ann. Léiríonn a leanas na príomhthorthaí i rith na bliana airgeadais:

- €285m iasacht ceadaithe do hiasachtaí<sup>2</sup>;
- €49m i maoiníú réamhíochta le hiasachtaí faoi iasachtaí ceadaithe;

- €20m in iasachtaí caipitil aisíochta ag iasachtaí;
- Seoladh Ciste Móiminteam €200m mar fhreagairt ar COVID-19, a méadaíodh ina dhiaidh sin go €300m mar gheall ar dhúshláin maidir le maoiníú a bheith ar fáil sa mhargadh;
- Saoráid Ráthaíochta Iasachta COSME arna forghníomhú leis an gCiste Eorpach Infheistíochta a sholáthróidh ráthaíocht iasachta suas le 50% d’áiseanna iasachta MTTÉ incháilithe áirithe.<sup>3</sup>

### Príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí

Tá mionsonraí maidir leis na rioscaí bunairgid agus na neamhchinnteachtaí atá os comhair an MTTÉ mar a leanas:

#### Riosca Creidmheasa

- Tá an Grúpa neamhchosanta ar an riosca go mainneoidh contrapháirtí iasachtaithe ar a oibleagáidí agus go dteipfidh air a fhiachas a aisíoc ina iomláine, rud a chruthóidh cailteanais dom Ghrúpa.

#### Riosca Éilimh

- Tá an baol ann go bhféadfadh sé nach mbeadh éileamh leordhóthanach ar mhaoiníú d’fhorbairtí cónaithe inmharthana chun toradh leordhóthanach a ghiniúint do MTTÉ.

#### Riosca Oibriúcháin

- Tá an Grúpa neamhchosanta ar raon leathan rioscaí oibriúcháin a eascraíonn ó na daoine, ó na córais agus ó na próisis a bhíonn i gceist chun a cuspóir a bhaint amach. I measc na bpríomhrioscaí oibriúcháin, agus gan iad teoranta acu seo, tá teipeanna i gcórais, earráidí próisis, a bheith ag brath rómhór ar dhaoine aonair tábhachtacha, teip nósanna imeachta a leanúint agus earráidí a thuairisciú, agus dá mbarr sin go léir d’fhéadfadh sé go dteipfeadh sa deireadh thiar ar an Ghrúpa a chuid cuspóirí a chomhlíonadh agus go ndéanfaí damáiste mór dá clú.

#### Riosca Rialála

- D’fhéadfaí agóid dhlíthiúil a dhéanamh in aghaidh an Ghrúpa faoi rialacha cúnaimh Stáit. Chuireadh agóid mar sin bac ar ghníomhaireachtaí an Ghrúpa ag feitheamh ar réiteach.

2 Ní rachaidh gach iasacht a cheadófar ar aghaidh chun maoiníú a tharraingt anuas ó MTTÉ ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear an tionscadal gan dul ar aghaidh nó maoiníú malartach a fháil

3 Faoi réir go bainfidh téarmaí agus coinníollacha áirithe lena n-áirítear uasmhéid ráthaíochta de €25m agus iasachtaí MTTÉ incháilithe le forbairtí nach mó ná 10 n-aonad



## Riosca Covid-19

- Tá an Grúpa faoi láthair i mbaol breise ó na dúshláin a eascraíonn an paindéim COVID-19 ar fud an chuid is mó dá phríomhréimsí riosca.

## Bainistíocht riosca airgeadais

Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca creidmheasa, riosca margaidh, riosca leachtachta, riosca caipitil agus riosca comhchruinnithe i ngnáthchúrsa a cuid gnó. Tá tuilleadh sonraí maidir leis an chaoi a ndéanann an Grúpa bainistíú ar na rioscaí sin i Nóta 12 leis na ráitis airgeadais.

## Stiúrthóirí

Is iad ainmneacha a leanas na daoine a bhí mar Stiúrthóirí na cuideachta ag aon tráth i rith na tréimhse airgeadais:

Marie Collins (Cathaoirleach)

Andrew O’Flanagan

Claire Solon

Dara Deering

Desmond Carville

Grainne Hennessey

Timothy Ken Slattery

## Rúnaí Cuideachta

Caroline Ensor

## Leasanna na Stiúrthóirí

Ní raibh aon leas tairbhiúil ag na Stiúrthóirí sa ag tús na bliana airgeadais ná ag deireadh na bliana airgeadais. Is leis an Aire Airgeadais amháin scairchaipiteal eisithe an Ghrúpa.

## Taifid chuntasaíochta dhóthanacha

Cinntíonn na Stiúrthóirí go gcomhlíonann an Grúpa a dualgais maidir le taifid chuntasaíochta a choinneáil mar a éilítear faoi ailt 281 go 285 d’Acht na gCuideachtaí 2014, trí úsáid a bhaint as pearsanra cuntasaíochta cáilithe agus córais agus nósanna imeachta cuí, arna leagan amach sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach ar leathanach 33. Coinnítear na taifid chuntasaíochta in oifig chláraithe an Ghrúpa i nDuga an Stáitchiste, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1, D01 A9T8.

## Torthaí agus díbhinní

Leagtar amach na torthaí don bhliain airgeadais agus sócmhainní, dliteanais agus staid gnóthaí an Ghrúpa sa Ráiteas Comhdhlúite Ioncam Cuimsitheach agus an Ráiteas Comhdhlúite ar an Staid Airgeadais ar leathanaigh 38 agus 39 faoi seach. Leagtar amach torthaí agus staid gnóthaí na Cuideachta ar leathanaigh 42 agus 43.

Níor íoc an Grúpa aon díbhinní i rith na bliana airgeadais lena scairshealbhoir aonair, an tAire Airgeadais, agus níl sé i gceist aige aon díbhinní a íoc le haghaidh na bliana airgeadais seo.

## Teagmhais tar éis na tréimhse tuairiscithe

Feic Nóta 25 de na ráiteas comhdhlúite airgeadais.

## Iniúcháir

Is é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúcháir reachtúil an Ghrúpa de bhua alt 15 (2) d’Acht MTTÉ 2018, a cheadaíonn gurbh é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúcháir reachtúil an MTTÉ cé gurb aonán seachbhrabúsach é.

Chomh fada agus is eol do gach duine de na Stiúrthóirí in oifig ag dáta ceadaithe na ráitis airgeadais:

- Níl aon faisnéis ábhartha a bhaineann leis an iniúchadh nach bhfuil ar eolas ag iniúcháirí an Ghrúpa; agus
- Ghlac na Stiúrthóirí gach céim ba chóir dóibh a bheith glactha mar Stiúrthóirí d’fhonn iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus chun cinntiú go bhfuil iniúcháirí an Ghrúpa ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Tugtar an cinntiú seo agus ba cheart go é a léirmhíniú de réir forálacha Alt 330 d’Acht na gCuideachtaí 2014.

Faofa agus údaraithe lena eisiúint ag an mBord Stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:



**Dara Deering**  
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA



**Marie Collins**  
An Cathaoirleach

Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA

21 Aibreán 2021

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

### Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta (“na ráitis airgeadais”) a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.


Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bhliain airgeadais. Faoin dlí, roghnaigh na stiúrthóirí ráitis airgeadais an Ghrúpa a chur le chéile de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme san RA agus in Éirinn, eisithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (“an creat tuairiscithe airgeadais ábharthach”). Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní féidir leis na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh ach amháin má tá siad sásta go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta ag dáta deiridh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó ar chailteanas an Ghrúpa don bhliain airgeadais agus go gcomhlíonann siad ar gach slí eile Acht na gCuideachtaí, 2014. Agus ráitis airgeadais seo á gcur le chéile, ní mór go ndéanfadh stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú do na ráitis airgeadais agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin chuntasaíocht a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar;
- ará cé acu ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais ag leanadh na caighdeáin cuntasaíochta infheidhme, na caighdeáin sin a aithint, agus nóta a dhéanamh de éifeacht agus fáthanna aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas má tá sé neamhoiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Chuideachta ar aghaidh i ngnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoimeádann an Chuideachta, nó go socraíonn sí go gcoimeádtar, taifid imleora chuntasaíochta a mhíniú agus a thaifeadann i gceart idirbhearta na cuideachta, a chuireann ar a chumas gur féidir ag am ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó cailteanas na Cuideachta a chinneadh le cruinneas réasúnta, a chuireann ar a chumas a chinntiúgo gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus tuarascáil na Stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí 2014 agus a chuireann ar a chumas na ráitis airgeadais a iniúchadh.

Tá siad freagrach freisin sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá réir as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú. Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise airgeadais agus corparáidí atá ar shuíomh gréasáin na Cuideachta. D’fhéadfadh go bhfuil reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh ráitis airgeadais éagsúil ó reachtaíocht i ndlínsí eile.

Faofa agus údaraithe lena eisiúint ag an mBord Stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:



**Dara Deering**  
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA



**Marie Collins**  
An Cathaoirleach

Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA

21 Aibreán 2021

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Ullmhaítear na ráitis comhdhlúite airgeadais agus ráitis airgeadais Cuidiúcháta don MTTÉ laistigh de chreat rialaithe inmheánach bunaithe ag an MTTÉ. Tá Bord MTTÉ agus na coistí bunaithe ag an mBord freagrach as monatóireachta agus maoirseacht MTTÉ agus a fhochuideachta MTEI.

### Raon Freagrachta

Thar ceann an Ghrúpa, aithním freagracht an Bhoird as cinnte a dhéanamh go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Cuirtear i gcuntas leis an bhfreagracht sin riachtanais an Chóid Chleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha le riosca a bhainistiú go leibhéal infhulaingthe seachas é a fhoircheannadh. Mar sin de, ní féidir leis an gcóras ach ráthaíocht réasúnta, seachas ráthaíocht absalóideach, a thabhairt go gcosnaítear acmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadh i gceart, agus go ndéantar botúin nó neamhréireachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Forbraíodh an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le linn 2019 agus curtha i bhfeidhm ag an MTTÉ don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 agus go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

### Acmhainneacht chun Riosca a Láimhseáil

Tá creat foirmiúil bainistíochta riosca agus rialachais i bhfeidhm ag MTTÉ, atá deartha chun tacú le bainistíocht réamhghníomhach riosca. Leagann Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca agus Creat Blas Riosca MTTÉ le chéile amach a phróisis bainistíochta riosca agus bainistíochta riosca.

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (“CIR”) ag MTTÉ ar a bhfuil triúr ball neamhfheidhmiúcháin den Bhord a bhfuil taithí airgeadais agus iniúchta acu, agus gníomhaíonn duine acu mar Chathaoirleach. Tháinig an ARC le chéile sé huairé i rith 2020.

Déanann an CIR maoirseacht ar ghníomhaíochtaí iniúchóireachta inmheánaí MTTÉ, atá bunaithe ar chlár oibre comhaontaithe leis an CIR agus a chuirtear i gcrích ag feidhm iniúchóireachta inmheánaí Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (“GBCN”).

Cuireann GBCN seirbhísí airgeadais, acmhainní daonna, iniúchóireachta inmheánaí, comhlíonta agus soláthair ar leith ar fáil do MTTÉ, dá bhforáiltear faoi alt 9 d’Acht MTTÉ 2018, agus de réir mar atá comhaontaithe sa Chomhaontú Seirbhíse idir GBCN agus MTTÉ. Mar sin, bíonn MTTÉ ag brath go suntasach ar na rialuithe a fheidhmíonn GBCN. Tá córas rialaithe inmheánaigh cuimsitheach forbartha ag GBCN agus déantar aon seirbhísí comhroinnte a chuirtear ar fáil do MTTÉ faoin Comhaontú Seirbhíse a chur ar fáil laistigh de chóras rialaithe inmheánach GBCN. Tá ráthaíocht faighte ag MTTÉ ó GBCN gur obair a chóras rialaithe inmheánaigh i dtaca le seirbhísí arna gcur ar fáil do MTTÉ go héifeachtach.

### Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag MTTÉ lena n-aithnítear na príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistithe atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a mhéid is féidir, na rioscaí sin a mhaolú, agus cuirtear tuairisc ar fáil maidir leis an méid sin.

Tá Clár Rioscaí in áit, a aithníonn príomhrioscaí don MTTÉ agus aithnítear, meastar agus déantar iad a ghrádú de réir a thábhacht. Nuair a aithnítear rioscaí, cuirtear rialuithe i bhfeidhm lena mbainistiú agus lena maolú. Déanann an CIR athbhreithniú ar an gClár Rioscaí go ráithiúil agus déanann Bord na Stiúrthóirí é a athbhreithniú gach bliain ar a laghad, agus na príomhrioscaí a athbhreithniú ag an Bhord ar bhonn rialta. Úsáidtear toradh na measúnachtaí seo chun bainistíocht na rioscanna seo ag léibhéal inghlactha a phleanáil agus acmhainní a leithdháileadh dóibh. Éilítear ar an bhfoireann bainistíochta fianaise a thabhairt ar bhonn ráithiúil go bhfuil na rialuithe atá taifeadta sa Chlár Rioscaí i bhfeidhm agus éifeachtach, chomh fada agus is eol dóibh.

Déanann an Chlár Rioscaí (i) na rialuithe agus gníomhartha atá ag teastáil le na rioscaí a mhaolú a shonrú agus (ii) leagan sé freagracht oibríocht na rialuithe le ball forine áirithe. Dearbhaíonn muid go bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid den timpeallacht rialaithe:

- Nósanna imeachta doiciméadaithe le haghaidh próisis thábhachtacha ghnó;
- Córais lena gcinntítear go gcoinnítear na córais faisnéise agus cumarsáide teicneolaíochta slán;
- Athbhreithniú agus measúnú rialta ar shócmhainní airgeadais;
- Córas comhtháite buiséadaithe lena n-áirítear buiséad bliantúil a ndéanann Bord na Stiúrthóirí a athbhreithniú agus a fhaomhadh;

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

- Athbhreithniú rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla airgeadais ina gcuirtear síos go mion ar fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis na réamhaisnéisí;
- Cloí le Tuairiscíú a dhéanamh ar 'Éagóiritheoireacht' agus le Polasaí na Nochtuithe Cosanta agus an Polasaí Frithchaolaíse.

## COVID-19

Mar thoradh ar an bpaindéim COVID-19 go luath in 2020 rinneadh roinnt athruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe agus bhí oibriú iargúlta agus fíorúil mar ghnáthnós i MTTÉ. Mar thoradh air sin, thug MTTÉ isteach roinnt athruithe ar nósanna imeachta agus rialaithe. Faoi chreat riosca agus rialaithe MTTÉ, rinne an bhainistíocht measúnú riosca iomlán ar thionchar COVID-19 ar an timpeallacht rialaithe. Dearbhaímid go leanann na rialuithe atá ann cheana agus na rialuithe a tugadh isteach mar thoradh ar COVID-19 de bheith éifeachtach.

## Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnacha

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuirtear aon easnaimh in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh ina leith agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, más ábhartha, go tráthúil. Deimhnímid go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh a leanas ar bun:

- Rinneadh na príomhrioscaí agus na rialuithe lena mbaineann a aithint agus cuireadh próisis ar bun chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na rialuithe sin agus aon easnaimh arna n-aithint a thuairiscíú;
- Cuireadh socruithe tuairiscithe ar bun ar gach leibhéal ina ndearnadh freagracht as bainistiú airgeadais a shannadh; agus
- Déanann an lucht bainistíochta sinsearach athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht tréimhsiúil/bhliantúil agus soláthraítear tuarascálacha airgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

## Soláthar

Amhail agus ón 1 Samhain 2020 soláthraíonn GBCN tacaíocht soláthair MTTÉ agus cloíonn MTTÉ le Beartas Soláthair GBCN (arna fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin) agus le nósanna imeachta gaolmhara, atá ag teacht le treoirlínte reatha Oifig um Sholáthair Rialtais. Roimh an dáta sin d'oibrigh MTTÉ faoina bheartas agus a nósanna imeachta soláthair féin chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte soláthair ábhartha.

In imthosca áirithe, meastar gur iomchuí eisceachtaí atá údaraithe go cuí a fháil ón mBeartas agus faoin Nós Imeachta (ie gan próiseas iomaíoch tairisceana a reáchtáil) maidir le seirbhísí, soláthairtí nó oibreacha a luacháiltear faoi thairseacha an AE. Formheasann an fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin eisceachtaí den sórt sin agus ní hionann iad agus soláthar neamhchomhlíontach. Le linn 2020, d'fhostaigh MTTÉ bróicéir árachais trí shocrú leagáide chun beartais árachais ghairmiúla agus thráchtála áirithe a fháil le costas iomlán €0.105m (lena n-áirítear méideanna a íocadh leis an mbróicéir agus trí chuideachta árachais).


## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Dearbhaíonn muid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag MTTÉ chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe agus rialaithe riosca. Tá faireachán agus athbhreithniú MTTÉ ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an CIR a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus ardbhainistíocht MTTÉ atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Dearbhaíonn muid go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar chóras na rialuithe inmheánacha don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2020.


## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor aimsíodh aon laigeachtaí ó thaobh an chórais rialú inmheánach inmheánacha don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 de ar gá a nochtadh sna ráitis airgeadais.



**Dara Deering**  
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA



**Marie Collins**  
An Cathaoirleach

Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA

21 Aibreán 2021

# An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais Mhaoiniú Teaghais-Tógála Éireann iniúchta agam don tréimhse dar chríoch an 31 Nollaig 2020 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha an Achta um Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann, 2018. Cuimsítear leis na ráitis airgeadais an ráiteas comhdhlúite agus cuideachta ioncam cuimsitheach, ráiteas comhdhlúite agus cuideachta ar an staid airgeadais, ráiteas comhdhlúite agus cuideachta ar athruithe ar chothromas, ráiteas comhdhlúite agus cuideachta ar shreafaí airgid agus na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe shuntasacha cuntasaióchta.

Is é mo thuairim go bhfuil na nithe seo fíor faoi na ráitis airgeadais

- tugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dlíteanais agus ar staid airgeadais an chomhlachta amhail an 31 Nollaig 2020 agus ar a chaillteanas an ghrúpa din tréimhse
- ullmhaidh i gceart iad de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, agus
- ullmhaidh iad i gceart de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

### Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta (INTOSAI). Tá mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin tuairiscithe san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ón gcomhlacht agus tá mo chuid freagrachtaí eitiúla comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi.

### Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Tá na ráitis aidgeadais ullmhaithe ag na stiúrthóirí ar bhonn gnóthais leantaigh. Mar atá tuairiscithe san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo, tugaim tátail maidir leis an méid seo a leanas

- oiriúnacht na húsáide a bhaineann na stiúrthóirí as an mbonn cuntasaióchta gnóthais leantaigh; agus
- cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas an chomhlachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Níl aon ní le tuairiscíú agam ina leith sin.

### Ábhair ar a gcaithim tuairiscíú faoi Acht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe ar an obair a rinneadh le linn na hiniúchóireachta, agus ar an obair sin amháin, tuairiscim go bhfuil an méid seo a leanas amhlaidh, i mo thuairim

- tá an t-eolas atá tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- tá tuarascáil na stiúrthóirí ullmhaithe i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Tá an t-eolas agus na mínithe go léir faighte agam a mheasaim is gá chun críocha na hiniúchóireachta.

I mo thuairim, ba leor taifid chuntasaíochta an ghrúpa le go bhféadfaí iniúchadh éasca agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na taifid chuntasaíochta.

Éilíonn Acht na gCuideachtaí 2014 orm freisin tuairisc a chur ar fáil más rud é, i mo thuairim, nach bhfuil luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta a éilítear le halt 305 go halt 312 den Acht nochta. Níl aon ní le tuairiscíú agam ina leith sin.

### Tuairisc ar eolas seachas na ráiteas airgeadais, agus ar nithe eile

Tá eolas eile faoi leith curtha i láthair ag na stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas maidir le rialachas, tuarascáil comhaltaí an bhoird, tuarascáil na stiúrthóirí agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisc a thabhairt ar an eolas sin, agus ar nithe eile faoi leith ar a dtuairiscim trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairiscíú agam ina leith sin.



### Colette Drinan

Thar ceann agus ar son an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

26 Aibreán 2021

## An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (continued)

### Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

#### Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Leagann an ráiteas maidir le rialachas agus tuarascáil comhaltaí an bhoird amach freagrachtaí na stiúrthóirí as an méid seo a leanas

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014
- cinntiú go dtugtar léargas firinneach cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS102
- rialtacht idirbhearta a chinntiú
- oiriúnacht na húsáide a bhaineann na stiúrthóirí as an mbonn cuntasaióchta gnóthais leantaigh a mheas, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le go bhféadfar ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar bhotún.

#### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 15 den Acht um Mhaoiniú Teaghais-Tógála Éireann, 2018 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an ghrúpa agus an chomhlachta agus tuarascáil orthu a thabhairt do Thithe an Oireachtais.

Is é cuspóir m'iniúchta dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha mar gheall ar chalaos nó ar bhotún. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí. Féadfaidh míráitis eascairt as calaos nó botún agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- déanaim rioscaí maidir le míráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar bhotún, a shainnithint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Tá an riosca nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos níos airde ná an riosca maidir le ceann a eascraíonn

as botún, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.

- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaióchta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaióchta agus an nocht a gaolmhar.
- Tagaim ar thátail maidir le hoiriúnacht na húsáide a bhaintear as an mbonn cuntasaióchta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an fhianaise iniúchóireachta a fhaightear, maidir le cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas an ghrúpa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tatal go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh bainteach sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo, áfach, bheith ina gcúis leis an gcomhlacht scor de bheith ina ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach lena mbaintear cur i láthair cóir amach.

Cuirim in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe agus uainiú an iniúchta agus tátail shuntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh a aimsim le linn m'iniúchta i dtaca le rialachas inmheánach.

## Eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál tátail maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an t-eolas eile a léamh a cuireadh i láthair agus, le linn dom é sin a dhéanamh, breathnú an bhfuil an t-eolas eile neamh-chomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha déanta ina leith. Más rud é go mbainim an tatal, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an eolas eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

## Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má aithním nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta.


Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má aithním aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh siad ceaptha nó nár chloí idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

## Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim Cuimsitheach Don bhliain airgeadais dar chríoch 31 Nollaig 2020

	Nóta	Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 €000	7 Nollaig 2018 go 31 Nollaig 2019 €000
Ioncam úis	5	1,248	135
Speansas úis	6	(704)	(76)
<b>Glanioncam úis</b>		544	59
Ioncam eile	7	320	115
Speansais oibriúcháin	8	(5,650)	(6,050)
<b>Caillteanas oibriúcháin roimh cháin</b>		(4,786)	(5,876)
Caiteachas inchánach	10	-	-
<b>Caillteanas don bhliain/tréimhse tar éis cánach</b>		(4,786)	(5,876)
Ioncam cuimsitheach eile		-	-
<b>Iomlán an ioncaim chuimsitheach don bhliain/tréimhse</b>		(4,786)	(5,876)

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Faofa agus údaraithe lena eisiúint ag an mBord Stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:



**Dara Deering**  
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA



**Marie Collins**  
An Cathaoirleach  
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA




## Ráiteas Comhdhlúite maidir leis an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	31 Nollaig 2020 €000	31 Nollaig 2019 €000
<b>Sócmhainní neamhreatha</b>			
Socmhainní airgeadais – iasachtaí agus infháltais	11	28,533	5,768
Infháltais eile	14	309	37
		28,842	5,805
<b>Sócmhainní reatha</b>			
Socmhainní airgeadais – iasachtaí agus infháltais	11	8,150	–
Infháltais eile	14	373	47
Airgead agus coibhéisí airgid		14,158	16,869
		22,681	16,916
<b>Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite de bhliain amháin</b>			
Dlíteanais eile	15	(3,234)	(1,480)
<b>Glan-socmhainní reatha</b>		<b>19,447</b>	<b>15,436</b>
<b>Iomlán na sócmhainní líúide dliteanais reatha</b>		<b>48,289</b>	<b>21,241</b>
<b>Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite tar éis bliain amháin</b>			
Maoiniú	16	(37,262)	(7,010)
Dlíteanais eile	15	(1,689)	(107)
<b>Glan-socmhainní</b>		<b>9,338</b>	<b>14,124</b>
<b>Caipiteal agus cúlchistí</b>			
Scairchaipiteal glaoite léirithe mar chothromais	19	20,000	20,000
Caillteanais choinnithe		(10,662)	(5,876)
<b>Iomlán an chothromais</b>		<b>9,338</b>	<b>14,124</b>

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Faofa agus údaraithe lena eisiúint ag an mBord Stiúirthóirí agus sínithe thar a cheann:



**Dara Deering**  
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA




**Marie Collins**  
An Cathaoirleach  
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA


## Ráiteas Comhdhlúite maidir le hAthruithe ar Chothroimas Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

	Scair- chaipiteal €000	Cailteanais choinnithe €000	Iomlán cothroimas €000
Eisiúint scairchaipitil	20,000	–	20,000
Ioncam cuimsitheach iomlán don tréimhse	–	(5,876)	(5,876)
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2019</b>	20,000	(5,876)	14,124
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain	–	(4,786)	(4,786)
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2020</b>	<b>20,000</b>	<b>(10,662)</b>	<b>9,338</b>

Faofa agus údaraithe lena eisiúint ag an mBord Stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:



**Dara Deering**  
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA



**Marie Collins**  
An Cathaoirleach  
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA

## Ráiteas Comhdhlúite ar Shreafaí Airgid

### Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020


	Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 €000	7 Nollaig 2018 go 31 Nollaig 2019 €000
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		
Caillteanais don bhliain/tréimhse	(4,786)	(5,876)
Méadú i sócmhainní – iasachtaí agus réamhíocaíochtaí do hiasachtaithe	(49,346)	(6,909)
Méadú in aisíocaíochtaí iasachtaí	20,500	1,276
Fáltais úis	(1,224)	(135)
Méadú in infháltais	(599)	(84)
Ús iníochta	605	76
Méadú i ndliteanais	2,492	1,587
<b>Airgead glan ó ghníomhaíochtaí feidhmithe</b>	<b>(32,358)</b>	<b>(10,065)</b>
<b>Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin</b>		
Íasachtaí maoinithe a fuarthas	39,547	6,934
Íasachtaí maoinithe aisíoctha	(9,900)	–
Eisiúint scairchaipitil	–	20,000
<b>Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin</b>	<b>29,647</b>	<b>26,934</b>
<b>Glan (laghdú)/méadú in airgead agus coibhéisí airgid</b>	<b>(2,711)</b>	<b>16,869</b>
<b>Airgead agus coibhéisí airgid ag 1 Eanáir</b>	<b>16,869</b>	<b>–</b>
<b>Airgead agus coibhéisí airgid ag 31 Nollaig</b>	<b>14,158</b>	<b>16,869</b>

## Ráiteas Cuideachta Ioncaim Cuimsitheach Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

	Nóta	Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 €000	7 Nollaig 2018 go 31 Nollaig 2019 €000
Ioncam úis		-	-
Speansas úis		-	-
<b>Glanioncam úis</b>		-	-
Ioncam eile		-	-
Speansais oibriúcháin	8	(136)	(90)
<b>Caillteanas oibriúcháin roimh cháin</b>		(136)	(90)
Caiteachas cánach	10	-	-
<b>Caillteanas don bhliain/tréimhse tar éis cánach</b>		(136)	(90)
Ioncam cuimsitheach eile		-	-
<b>Iomlán an ioncaim chuimsitheach don bhliain/tréimhse</b>		(136)	(90)

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Faofa agus údaraithe lena eisiúint ag an mBord Stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:



**Dara Deering**  
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA




**Marie Collins**  
An Cathaoirleach  
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA

## Ráiteas Cuideachta maidir leis an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	31 Nollaig 2020 €000	31 Nollaig 2019 €000
<b>Sócmhainní neamhreacha</b>			
Socmhainní airgeadais – iasachtaí agus infháltais		–	–
Infheistíocht i bhfochuideachta	22	15,000	15,000
Infáltais eile		–	–
		15,000	15,000
<b>Sócmhainní reatha</b>			
Airgead agus coibhéisí airgid		4,899	4,956
Infáltais eile		–	–
		4,899	4,956
<b>Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite de bhliain amháin</b>			
Dliteanais eile	15	(125)	(46)
<b>Glan-socmhainní reatha</b>		<b>4,774</b>	<b>4,910</b>
<b>Iomlán na Sócmhainní líúide dliteanais reatha</b>		<b>19,774</b>	<b>19,910</b>
<b>Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite tar éis bliain amháin</b>			
Maoiniú		–	–
Dliteanais eile		–	–
<b>Glan-socmhainní</b>		<b>19,774</b>	<b>19,910</b>
<b>Caipiteal agus cúlchistí</b>			
Scairchaipiteal glaoite léirithe mar chothromais	19	20,000	20,000
Caillteanais choinnithe		(226)	(90)
<b>Iomlán an chothromais</b>		<b>19,774</b>	<b>19,910</b>

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Faofa agus údaraithe lena eisiúint ag an mBord Stiúirthóirí agus sínithe thar a cheann:



**Dara Deering**  
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA




**Marie Collins**  
An Cathaoirleach  
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA

## Ráiteas Cuideachta maidir le hAthruithe ar Chothromas Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

	Scair- chaipiteal €000	Cailteanais choinnithe €000	Iomlán cothromas €000
Eisiúint scairchaipitil	20,000	–	20,000
Ioncam cuimsitheach iomlán don tréimhse	–	(90)	(90)
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2019</b>	20,000	(90)	19,910
Ioncam cuimsitheach iomlán don tréimhse	–	(136)	(136)
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2020</b>	<b>20,000</b>	<b>(226)</b>	<b>19,774</b>

Faofa agus údaraithe lena eisiúint ag an mBord Stiúrtóirí agus sínithe thar a cheann:



**Dara Deering**  
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA



**Marie Collins**  
An Cathaoirleach  
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann GCA

21 Aibreán 2021

## Ráiteas Cuideachta ar Shreafaí Airgid

### Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

	Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 €000	7 Nollaig 2018 go 31 Nollaig 2019 €000
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		
Caillteanais don bhliain/tréimhse	(136)	(90)
Méadú i ndlíteanais eile	79	46
<b>Glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí feidhmithe</b>	<b>(57)</b>	<b>(44)</b>
<b>Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta</b>		
Infheistíocht i bhfochuideachta	-	(15,000)
<b>Glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta</b>	<b>-</b>	<b>(15,000)</b>
<b>Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin</b>		
Eisiúint scairchaipitil	-	20,000
<b>Glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin</b>	<b>-</b>	<b>20,000</b>
<b>Glan (laghdú)/méadú in airgead agus coibhéisí airgid</b>	<b>(57)</b>	<b>4,956</b>
<b>Airgead agus coibhéisí airgid ag 1 Eanáir</b>	<b>4,956</b>	<b>-</b>
<b>Airgead agus coibhéisí airgid ag 31 Nollaig</b>	<b>4,899</b>	<b>4,956</b>

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Aonán tuairiscithe

Cuimsíonn Grúpa MTTÉ Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann, mar chuideachta sealbhaíochta, agus a fhochuideachta Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann (Iasachtú). Is Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann (Iasachtú) teoranta ag scaireanna corpraithe faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimhir Chláraithe 640801). Is iad maoiniú fiachais a sholáthar d'fhorbairt chónaithe sa Stát príomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa.

Tá oifig chláráithe an dá chuideachta i Duga an Státhchiste, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1, D01 A9T8.

Comhdhlúthaíonn na ráitis airgeadais ráitis airgeadais MTTÉ agus Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann (Iasachtú) don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2020. Léirítear ráitis airgeadais na cuideachta sealbhaíochta, MTTÉ, ar leith sa tuarascáil seo.

## 2. Ráiteas comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais seo don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2020 de réir Acht na gCuideachtaí, 2014 agus FRS 102 an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa RA (“FRS 102”) tar éis cinne a dhéanamh, mar a cheadaíonn FRS 102, cuntas a thabhairt ar iomlán ionstraimí airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta tríd rialacha aitheantas agus tomhas IAS 39 Ionstraimí Airgeadais: Aitheantas agus a chuir i bhfeidhm.

## 3. Meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta criticiúla

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais i gcomhréir le FRS 102 go n-úsáidtear meastacháin agus toimhdí a théann i bhfeidhm ar mhéideanna tuairiscithe na sócmhainní agus na ndlíteanas. Measúnaítear meastacháin agus breithiúnais go leanúnach agus tá siad bunaithe ar roinnt tosca eile, lena n-áirítear ionchais maidir le teagmhais amach anseo a chreidtear a bheith réasúnach sna himthosca.

Creideann an lucht bainistíochta go bhfuil na toimhdí bunúsacha a úsáidtear cuí agus go léirítear go cothrom an staid airgeadais agus na torthaí airgeadais sna ráitis airgeadais. Cuirtear síos ar réimsí lena mbaineann leibhéal níos airde breithiúnais nó castachta, nó ar réimsí ina bhfuil toimhdí agus meastacháin tábhachtach do na ráitis airgeadais thíos:

### 3.1 Príomhfhoinisí na meastachán agus breithiúnas

Is iad seo a leanas na príomhthoimhdí a bhaineann leis an todhchaí, agus príomhfhoinisí éiginnteachta eile sna meastacháin ag deireadh na tréimhse tuairiscithe a bhféadfadh baol mór a bheith ag baint leo ó thaobh suimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndlíteanas sa chéad bhliain airgeadais eile a choigeartú go hábhartha.

#### 3.1.1 Measúnú ar bhearnú iasachta

I gcomhréir le ceanglais IAS 39 mar a cheadaíonn FRS 102, déanann an Grúpa athbhreithniú ar a phunann iasachtaí le tasc ar lagú a aimsiú ag dáta an ráitis ar an stádas airgeadais. Agus cinneadh á dhéanamh ag an nGrúpa ar cheart cailteanas lagaithe a thaifeadadh sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach ar an dáta tuairiscithe, úsáideann sé foinsí inmheánacha agus seachtracha eolais lena mheas cibé acu an bhfuil aon tasc ann go bhféadfadh sócmhainn a bheith lagaithe (i gcomhréir le IAS 39.59). D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh leis na tásca:

- deacrachtaí suntasacha airgeadais an iasachtaí;
- sárú conartha, ar nós mainneachtain in íocaíochtaí úis nó bunairgid;
- bronnadh lamháltais ar an bhforbróir ar chúiseanna eacnamaíocha nó dlí a bhaineann le deacrachtaí airgeadais an iasachtaí nach mbreithneofaí seachas sin; nó
- i gcás inar dócha go dtitfidh na hiasachtaithe i bhféinmheacht nó go dtabharfaidh sé faoi atheagrú airgeadais eile.



### 3. Meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta criticiúla (ar lean)

#### 3.1 Príomhfhoinse na meastachán agus breithiúnas (ar lean)

##### 3.1.1 Measúnú ar bhearnú iasachta (ar lean)

Má tá aon fhianaise oibiachtúil ar lagú ann déanann an Grúpa ríomh mionsonraithe lagaithe ar gach iasacht go haonair chun cinneadh a dhéanamh ar cheart caillteanas lagaithe a aithint. Tá sócmhainn bearnaithe, agus aithnítear caillteanas bearnaithe, má thabhaítear an caillteanas ag an dáta tuairiscithe mar thoradh ar eachtra a tharla tar éis chéad aithint na socmhainne.

##### 3.1.2 Aithint ioncaim ar iasachtaí agus infháltais

Leagtar amach polasaí cuntasaíochta do aithint ioncaim ar iasachtaí agus infháltais i Nóta 4.5.

### 4. Beartais shuntasacha chuntasaíochta

#### 4.1 Bonn ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus tá Bord Stiúrthóirí na Cuideachta (“an Bord”) sásta go leanfaidh an Chuideachta agus an Ghrúpa mar ghnóthas leantach go ceann i bhfad.

Ina thuairim ar cé acu an bhfuil cuntasaíocht ar bhonn an ghnóthais leantaigh cuí nó nach bhfuil, thug an Bord aird ar fheidhmeanna na Cuideachta agus an Ghrúpa mar a leagtar amach san Acht um Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann, 2018, agus creideann sé go bhfuil sé réasúnta a cheapadh, mar gheall ar chuspóir na reachtaíochta, go ndéanfaidh an Stát bearta cuí chun a chinntiú go mbeidh an Grúpa agus an Chuideachta in ann a sainordú a chomhlíonadh.

Is iad feidhmeanna an Ghrúpa agus na Cuideachta maoiniú féich a chur ar fáil ar bhealach stuama chuig iasachtaithe agus daoine eile sa Stát, le aonaid cónaithe a fhorbairt sa Stát.

Tá gníomhaíochtaí an Ghrúpa agus na Cuideachta faoi réir tosca riosca, lena n-áirítear riosca creidmheasa, riosca leachtachta, riosca comhchruinnithe agus riosca caipitil. Rinne an Bord athbhreithniú ar na tosca riosca seo agus ar gach eolas ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar chumas an Ghrúpa agus na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Déanann an Bord agus an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú ar phríomhghnéithe de gníomhaíochtaí an Ghrúpa agus na Cuideachta ar bhonn leanúnach agus déanann siad athbhreithniú, nuair is cuí, ar na toimhdí criticiúla a mbuntacaíonn lena straitéisí fadtéarmacha.

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in euro (€), airgeadra feidhmiúil agus cuir i láthair an Ghrúpa agus na Cuideachta. Tá na figiúirí sna ráitis airgeadais sna mílte €.

#### 4.2 Bonn comhdhlúthaithe

Comhdhlúthaíonn ráitis airgeadais an Ghrúpa ráitis airgeadais na Cuideachta agus a fochuideachta fiontair a rinneadh suas go 31 Nollaig gach bliain. Tá torthaí fochuideachtaí a fuarthas nó a diúscaráíodh le linn na tréimhse airgeadais san áireamh sa Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim Cuimsitheach ó ghlandáta an fháltais go glandáta an diúscartha, mar is cuí ag úsáid polasaithe cuntasaíochta atá i gcomhréir leo síúd atá ag an MTTÉ.

Tuairiscítear comhcheangail gnó faoin modh ceannaithe. Nuair is gá, déantar coigeartaithe i raitis airgeadais fochuideachtaí le go mbeidh na polasaithe cuntasaíochta a úsáidtear ag teacht leo síúd úsáidthe ag an Ghrúpa. Díbrítear bearta, iarmhéideanna, ioncaim agus speansais ionghrúpa ar fad ag comhdhlúthadh.

#### 4.3 Infheistíocht i bhfochuideachtaí

Tuairiscítear infheistíocht san fhochuideachta, Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann (Iasachtú), i ráitis airgeadais na Cuideachta ag costas lúide bearnúcháin.

## Nótaí leis na ráitis airgeadais (ar lean)

### 4. Beartais shuntasacha chuntasaíochta (ar lean)

#### 4.4 Bonn Tomhais

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

#### 4.5 Ioncam agus speansais úis

Aithnítear ioncam agus speansais úis maidir leis na hionstraimí airgeadais go léir sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach ag baint úsáide as an modh Ráta Éifeachtach Úis (“RÉÚ”).

Is ionann modh RÉÚ agus modh le costas amúchta sócmhainn airgeadais nó dliteanas airgeadais a ríomh agus an t-ioncam úis nó an speansais úis a dháileadh thar na tréimhse ábhartha airgeadais. Is ionann RÉÚ agus an ráta lena ndéantar íocaíochtaí nó fáltais airgid thirim a lascaíniú go beacht thar shaolré ionchais na hionstraimí airgeadais go suim ghlanluacha ghlan na sócmhainne airgeadais nó an dliteanas airgeadais. Agus an RÉÚ á ríomh ag an Ghrúpa, déanann sé sreafaí airgid a réamh-mheas, ag cur téarmaí conarthacha uile na hionstraimí airgeadais san áireamh.

Uair amháin atá sócmhainn airgeadais scríofa anuas mar thoradh ar chaillteanas lagaithe, aithnítear ioncam úis ag baint úsáide as an bunráta úis a úsáideadh le sreafaí airgid na todhchaí a lascaíniú chun an cailteanas lagaithe a thomhas.

Cuirtear ioncam úis infhaighte ar iasachtaí d’iasachtaithe agus costas úis iníochta ar iasachtaí ó mhaoinitheoirí i láthair laistigh de ghníomhaíochtaí oibriúcháin sa Ráiteas Comhdhlúite ar Shreafaí Airgid Thirim.

#### 4.6 Ioncam eile

Baineann ioncam ó tháillí go príomha le táillí socruithe agus táillí tiomantais a ghearrtar ar an iasachtaí. Baineann caiteachas táillí le dícheall cuí agus táillí dlí a thabhaítear ar shaoráidí. Cuirtear ioncam ó tháillí agus caiteachas táillí ar athló i dtosach agus ansin scaoiltear chuig an Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach iad thar théarma na saoráide ábhartha de réir Alt 23 FRS 102 Ioncam.

#### 4.7 Costais inaisíochta le GBCN

De réir alt 9(2) d’Acht MTTÉ 2018, soláthraíonn GBCN seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta do MTTÉ mar aon le foireann a shannadh d’fheidhmeanna an Ghrúpa. Aithnítear costais inaisíochta le GBCN ar bhonn fabhráithe. Aisghabhann GBCN na speansais seo ón Ghrúpa de réir costais. Tá tuilleadh eolais ar chostais inaisíochta le GBCN san áireamh i Nóta 8.1.

#### 4.8 Sócmhainní Airgeadais

Airíonn an Grúpa a sócmhainní airgeadais de réir aicmithe IAS 39. Cinneann an Grúpa aicmiú a cuid ionstraimí airgeadais ag aithint tosaigh.

##### *Iasachtaí agus infháltais*

Is ionann iasachtaí agus infháltais agus sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha lena ngabhann íocaíochtaí seasta nó athraithigh nach bhfuil luaite i margadh gníomhach. Tráth an aitheantais tosaigh, tomhaistear na hiasachtaí ag luach cóir móide costais incriminteacha idirbhirt dhírigh atá inchurtha go díreach le heisiúint na hiasachta. Tomhaistear ina dhiaidh sin iad de réir costas amúchta trí úsáid a bhaint as Modh an Ghlanráta Úis arna leagan amach i Nóta 4.5.

#### 4.9 Dlíteanas airgeadais

Is ionann maoiniú agus na hiasachtaí sin arna dtarraingt anuas ag an Ghrúpa ón CISE d’fhonn tacú lena gníomhaíochtaí iasachtaithe ar aghaidh. Aithníonn an Grúpa na hiasachtaí seo ina Ráiteas Comhdhlúite maidir leis an Staid Airgeadais ar an dáta ar tarraingíodh anuas an iasacht. Tomhaistear na hiasachtaí seo i dtosach de réir luach cóir móide costais incriminteacha idirbhirt dhírigh atá inchurtha go díreach le heisiúint an dliteanas airgeadais. Tomhaistear ina dhiaidh sin iad de réir costas amúchta trí úsáid a bhaint as Modh Ráta Éifeachtach Úis arna leagan amach i Nóta 4.5.

## 4. Beartais shuntasacha chuntasáochta (ar lean)

### 4.10 Dí-aithint sócmhainní agus dlíteanais airgeadais

Dí-aithnítear sócmhainní airgeadais nuair a scoireann na cearta conartha chun an sreabhadh airgid a fháil ó na sócmhainní seo de bheith ann nó nuair a aistrítear na sócmhainní agus nuair a aistrítear go mór gach riosca agus luach saothair úinéireacht na sócmhainní freisin. Dí-aithnítear sócmhainní airgeadais nuair a fhuasclaítear iad nó nuair a mhúchtar ar shlí eile iad.

### 4.11 Bearnú sócmhainní airgeadais

Measann an Grúpa, ag deireadh gach tréimhse airgeadais, an bhfuil fianaise oibiachtúil go bhfuil sócmhainn airgeadais nó grúpa sócmhainní airgeadais, tomhaiste ag costas amúchta, bearnaithe.

Maidir le hiasachtaí agus nithe infhaighte, tomhaistear an méid cailíteanais mar dhifríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus luach reatha an tsreafa mheasta airgid amach anseo, lascainithe ag Glanráta Úis bunaidh úis na sócmhainne airgeadais. Aithnítear suim an chaillteanais bearnaithe sa Ráiteas Ioncam Cuimsitheach.

Déantar measúnú oibiachtúil ar na hiasachtaí do gach iasachtaí a mheastar a bheith suntasach as féin i gcomhair bearnú ag deireadh na tréimhse airgeadais. Glactar cur chuige comh-mheasúnachta, curtha le chéile ar bhonn shaintréithe mar a chéile, do gach iasacht eile gan bearnaithe suntasacha astú féin.

Áirítear le fianaise oibiachtúil go bhfuil sócmhainn airgeadais bearnaithe:

- deacracht shuntasach airgeadais an iasachtaí ar aghaidh;
- bronnadh deonaíocht ar iasachtaí mar gheall ar fháthanna eacnamaíoch nó dleathach a bhaineann le deacrachtaí airgeadais an iasachtaí nach gcuirfí san áireamh seachas sin;
- sárúithe conarthacha, cosúil le mainneachtain nó le faillí ar ús nó ar phríomhíocaíochtaí;
- comharthaí go rachaidh an t-iasachtaí ar aghaidh isteach i bhféimheacht nó in atheagrú eile airgeadais.

Aithníonn an Grúpa ioncam úis tar éis bearnaithe ag úsáid an trí úsáid a bhaint as an ráta úis a úsáideadh chun sreabhadh airgid amach anseo a lascaíniú d'fhonn an cailíteanas bearnaithe a thomhas. Más rud é, i dtréimhse airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdaíonn an cailíteanas bearnaithe agus go bhféadtar an laghdú a bhaint go hoibiachtúil le teagmhas a tharlaíonn tar éis aithint an bearnaithe, aisiompaítear an cailíteanas bearnaithe a bhí aitheanta roimhe sin. Aithnítear luach an aisiompaithe sa Ráiteas Comhdhlúite Ioncam Cuimsitheach.

Sa chás nach bhfuil aon dóchúlacht bhreise ann go ngnóthófar luach anonn iasachta, nó cuid d'iasacht, díscríobhann an Grúpa an méid nach bhfuil inghnóthaithe in aghaidh an chaillteanais lagaithe bhaintigh (i.e. sa chás seo, níl aon muirear breise sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach). Laghdaíonn aisghabhálacha ina dhiaidh sin de mhéideanna a díscríobhadh méid an lamháitais do bhearnú iasachta sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach.

### 4.12 Airgead agus coibhéisí airgid

Cuimsíonn airgead airgead ar láimh agus éarlaisí ar éileamh. Is ionann coibhéisí airgid agus infheistíochtaí gearrthéarmacha atá an-leachtach agus so-aistrithe go méideanna aitheanta airgid agus atá faoi réir riosca neamhshuntasach a bhaineann le hathruithe ar luach.

Iompraítear airgead agus coibhéisí airgid ag costas amúchta sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

Léirítear sa Ráiteas ar Shreabhadh Airgid na hathruithe ar airgead agus ar choibhéisí airgid a d'eascair as gníomhaíochtaí oibriúcháin, ó ghníomhaíochtaí infheistíochta agus ó ghníomhaíochtaí maoinithe le linn na bliana airgeadais. Tuairiscítear an sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin tríd an modh indíreach, ina nochtar cineálacha móra fáltais chomhlána airgid agus íocaíochtaí comhlána, a úsáid.

## Nótaí leis na ráitis airgeadais (ar lean)

### 4. Beartais shuntasacha chuntasaíochta (ar lean)

#### 4.13 Soláthairtí

Aithnítear soláthar sa chás gur ag an Ghrúpa, mar gheall ar theagmhas san am atá thart, atá oibleagáid reatha dhlíthiúil nó inchiallaithe is féidir a mheas go hiontaofa agus sa chás gur dóigh go mbeidh eis-sreabhadh tairbhí geilleagracha ag teastáil chun an oibleagáid a chomhlíonadh.

Sa chás go bhfuil difear ábhartha i gceist, cinntear soláthairtí trí na sreafaí airgid ionchasacha amach anseo a lascainiú de réir ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe margaidh reatha ar an amluach airgid agus, nuair is cuí, ar na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dlíteanas.

#### 4.14 Dlíteanais theagmhasacha

Is dualgais fhéideartha iad dlíteanais theagmhasacha a ndeimhneofar gur ann dóibh trí tharlú teagmhas neamhchinnte amach anseo nó dualgais reatha sa chás nach bhfuil aistriú tairbhe geilleagraí cinnte nó nach féidir meastachán iontaofa a dhéanamh air. Ní aithnítear dlíteanais theagmhasacha ach nochtar iad sna nótaí leis na ráitis airgeadais ach amháin ná bhíonn an dóchúlacht go n-aistrefaí an tairbhe gheilleagrach fíorbheag.

#### 4.15 Cánachas

Aithnítear cáin reatha mar an méid cáin ioncaim iníoctha i dtaca leis an brábús inchánach don tréimhse tuairiscithe reatha nó romh ré ag úsáid na rátaí agus dlíthe ar achtaíodh nó ar achtaíodh go substainteach ag an dáta tuairiscithe.

Aithnítear cáin iarchurtha i dtaca le difríochtaí amaithe ag an dáta tuairiscithe, ach amháin nuair a léirítear a mhalairt.

#### 4.16 Léasú

Gearrtar cíosanna atá faoi léasanna oibríochtúla go dtí an Ráiteas Comhdhlúite Ioncam Cuimsitheach de réir méid cothrom thar téarma an léasa de réir FRS 102 Alt 20 Léasanna.

#### 4.17 Príomhphearsanra bainistíochta

Is iad comhaltaí an Bhoird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an foireann bainistíocht sinsearach a thuairiscíonn go díreach don Príomhoifigeach Feidhmiúcháin príomhphearsanra bainistíochta sa Ghrúpa. Féach Nóta 8.

## 5. Ioncam úis

	<b>Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2020</b>	<b>7 Nollaig 2018 go 31 Nollaig 2019</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Ús ar iasachtaí agus infháltais	1,248	135

Baineann ús ar iasachtaí agus infháltais le hioncam úis ó iasachtaí curtha ar fáil d'iasachtaí ar aghaidh. Cuireadh modh RÉÚ i bhfeidhm de réir nóta 4.5.

## 6. Speansas úis

	<b>Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 €000</b>	<b>7 Nollaig 2018 go 31 Nollaig 2019 €000</b>
Ús ar mhaoiniú	704	76

Baineann ús ar mhaoiniú leis an muirear úis ar shaoráid maoinithe an CISE.

## 7. Ioncam eile

	<b>Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 €000</b>	<b>7 Nollaig 2018 go 31 Nollaig 2019 €000</b>
Ioncam táillí	493	153
Caitheachas táille	(173)	(38)
	<b>320</b>	<b>115</b>

Baineann ioncam ó tháillí go príomha le táillí socruithe agus táillí tiomantais a ghearrtar ar an iasachtaí agus a aithnítear thar théarma na saoráide ábhartha. Is táillí iad táillí gealltanais a ghearrtar ar an iasachtaí ar shaoráidí áirithe bunaithe ar iarmhéid tiomnaithe ach neamhtharraingthe de na saoráide ceadaithe. Baineann caiteachas táillí le dícheall cuí agus táillí dlí a thabhaítear ar shaoráidí. Aithnítear na suimeanna de réir nóta 4.6.

## 8. Speansais oibriúcháin

	<b>Nóta</b>	<b>Grúpa Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 €000</b>	<b>Grúpa 7 Nollaig 2018 go 31 Nollaig 2019 €000</b>
Costais inaisíoctha le GBCN	8.1	5,044	5,321
Táillí an Bhoird	9	79	46
Speansais eile		527	683
		<b>5,650</b>	<b>6,050</b>

## Nótaí leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 8. Speansais oibriúcháin (ar lean)

		<b>Cuideachta</b>	<b>Cuideachta</b>
		<b>Bliain</b>	<b>7 Nollaig 2018</b>
		<b>dar chríoch</b>	<b>go</b>
	<b>Nóta</b>	<b>31 Nollaig 2020</b>	<b>31 Nollaig 2019</b>
		<b>€000</b>	<b>€000</b>
Costais inaisíochta le GBCN		–	–
Táillí an Bhoird	9	79	46
Speansais eile		57	44
		<b>136</b>	<b>90</b>

Is costais riaracháin iasachtaí, táillí gairmiúla agus ús agus muirir bainc atá i gceist i speansais eile.

## 8.1 Costais inaisíochta le GBCN (féach nóta 23)

	<b>Bliain</b>	<b>7 Nollaig 2018</b>
	<b>dar chríoch</b>	<b>go</b>
	<b>31 Nollaig 2020</b>	<b>31 Nollaig 2019</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Costais foirne GBCN	3,312	2,461
Costais áitíocht	224	282
Seirbhísí gnó	66	84
Táillí gairmiúla	284	133
Teicneolaíocht	257	359
Costais oibriúcháin eile	901	2,002
	<b>5,044</b>	<b>5,321</b>

Is athmhuirir feidhmiúcháin corporáideacha, costais dímheasta agus costais foirne eile mar earcaíocht, oiliúint foirne agus costais foirne sealadach atá i gceist den chuid is mó le costais oibriúcháin eile.

## 8. Speansais oibriúcháin (ar lean)

### 8.1 Costais inaisíochta le GBCN (féach nóta 23) (ar lean)

#### 8.1.1 Costais foirne GBCN

Níl aon fostaí ag an Ghrúpa. Tá gach ball foirne fostaithe ag GBCN agus athghearrann GBCN costais luach saothair na foirne atá gníomhach go lán aimseartha i ngnó an Ghrúpa chuig an Grúpa. Ba 27 (2019: 21) an uimhir fostaí a bhí gníomhach go díreach sa Ghrúpa.

	<b>Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 €000</b>	<b>7 Nollaig 2018 go 31 Nollaig 2019 €000</b>
<i>Tairbhí comhiomlána fostaithe</i>		
Tairbhí gearrthearma na foirne	2,606	2,034
Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa	262	202
	<b>2,868</b>	<b>2,236</b>
<i>Tairbhí gearrthearma na foirne</i>		
Bunphá	2,569	2,014
Liúntais	37	20
	<b>2,606</b>	<b>2,034</b>

Rinne an GBCN €363,000 (2019: €280,000) i ranniocaíochtaí pinsin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 dóibh siúd a bhí i mbun gnó lán aimseartha sa Ghrúpa.

Tá tuarastal an POF a leagtar amach thíos san áireamh i gcostais foirne an GBCN.

#### 8.1.2 Príomhphearsanra bainistíochta

	<b>Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 €000</b>	<b>7 Nollaig 2018 go 31 Nollaig 2019 €000</b>
Tuarastal	883	742
Liúntais	23	12
Pá i gcoibhneas le feidhmíocht	–	–
Árachas sláinte	1	–
	<b>907</b>	<b>754</b>

Cuimsíonn príomhphearsanra bainistíochta MTTÉ comhaltai an Bhoird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus foireann na hardbhainistíochta a thuiriscíonn go díreach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Tá luach iomlán tairbhí na bhfostaithe leagtha amach thuas (ranniocaíochtaí an fhostóra do chostais árachas shóisialtaas an áireamh).

## Nótaí leis na ráitis airgeadais (ar lean)

### 8. Speansais oibriúcháin (ar lean)

#### 8.1 Costais inaisíoctha le GBCN (féach nóta 23) (ar lean)

##### 8.1.2 Príomhphearsanra bainistíochta (ar lean)

Ní áirítear leis sin luach na dtairbhí scoir tuillte le linn na tréimhse. Tá na príomhphearsanra bainistíochta (an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Bord as an áireamh) ina mbaill de scéim pinsin GBCN.

##### 8.1.3 Tuarastal agus sochair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin – Dara Deering

	<b>Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2020</b>	<b>7 Nollaig 2018 go 31 Nollaig 2019</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Tuarastal	250	83
Sochair inchánacha	19	6
Ranníocaíochtaí chun scéimeanna scoir	45	15
	<b>314</b>	<b>104</b>

Ceapadh Dara Deering mar POF ar 2 Meán Fómhair 2019. Níor íocadh aon pá i gcoibhneas le feidhmíocht nó níl aon pá i gcoibhneas le feidhmíocht iníoctha leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin sa tréimhse. Áirítear na méideanna a íocadh leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin sna costais inaisíoctha le GBCN.

### 9. Táillí boird agus speansais bhoird

Íoctar táille bhliantúil €31,500 leis an cathaoirleach agus le Stiúrthóirí áirithe ag ráta €15,750, arna sonrú ag an Aire. Léirítear thíos an táille íoctha le gach Stiúrthóir. Tá an táille íoctha le gach Stiúrthóir sa tréimhse roimh ré ó dháta a cheaptha go dtí an dáta tuairiscthe.

	<b>Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2020</b>	<b>7 Nollaig 2018 go 31 Nollaig 2019</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
<b>Comhalta Boird</b>		
Marie Collins	31,500	18,375
Claire Solon	15,750	9,188
Grainne Hennessy	15,750	9,188
Timothy Ken Slattery	15,750	9,188
	<b>78,750</b>	<b>45,939</b>

Ní bhfuair an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (comhalta de bhrí oifige), Andrew O’Flanagan (GBCN) agus Des Carville (Roinn Airgeadais) aon luach saothair i dtaca lena gcomhaltas ar an mBord.

Déantar speansais cheadaithe a aisíoc le Stiúrthóirí ar bhonn deimhnithe. Baineann speansais le taisteal chun freastal ar chruinnithe in oifigí MTTÉ i mBaile Átha Cliath. Níor tabhaíodh aon speansais le linn an bhliain airgeadais.



## 9. Táillí boird agus speansais bhoird (ar lean)

	<b>Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2020</b>	<b>7 Nollaig 2018 go 31 Nollaig 2019</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
<b>Comhalta Boird</b>		
Gráinne Hennesy	-	34

## 10. Cáin

	<b>Grúpa Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2020</b>	<b>Grúpa 7 Nollaig 2018 go 31 Nollaig 2019</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Cailteanas oibriúcháin roimh cháin	(4,786)	(5,876)
Cáin chorparáide	-	-

	<b>Cuideachta Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2020</b>	<b>Cuideachta 7 Nollaig 2018 go 31 Nollaig 2019</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Cailteanas oibriúcháin roimh cháin	(136)	(90)
Cáin chorparáide	-	-

Gearrtar an cháin ar bhrábúis ag an gnáthrata cánach chorparáide in Éirinn (12.5%). Ní aithnítear cáin iarchurtha ach sa mhéid go ghnóthaítear ó bhrábúis inchánach sa todhchaí. D'ainneoin gurb é cuspóir an Grúpa bheith brábúsach, tá an Grúpa i gcéim tionscnaimh agus níl aon stair le tacú le hin-aisghabhálacht ar bhunús láidir go leor do aidhmeanna tuairisciú airgeadais.

<b>Grúpa</b>	<b>2020</b>	<b>2019</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Cailteanas oibriúcháin roimh cháin	(4,786)	(5,876)
Speansais neamh-asbhainteach	131	93
Cailteanas coigeartaithe	(4,655)	(5,783)
Muirear cáin chorparáide @ 12.5%	582	723
Cailteanas cánach neamhaitheanta	(582)	(723)
Muirear cánach	-	-

## Nótaí leis na ráitis airgeadais (ar lean)

### 10. Cáin (ar lean)

<b>Cuideachta</b>	<b>2020</b> <b>€000</b>	<b>2019</b> <b>€000</b>
Cailteanas oibriúcháin roimh cháin	(136)	(90)
Speansais neamh-asbhainteach	-	-
Cailteanas coigeartaithe	(136)	(90)
Muirear cáin chorparáide @ 12.5%	17	11
Cailteanas cánach neamhaitheanta	(17)	(11)
Muirear cánach	-	-

### 11. Iasachtaí agus infháltais

<b>Neamhreatha</b>	<b>2020</b> <b>€000</b>	<b>2019</b> <b>€000</b>
Iasachtaí d'iasachtaí	28,533	5,768
<b>Reatha</b>		
Iasachtaí d'iasachtaí	8,150	-
	<b>36,683</b>	<b>5,768</b>

Bhí iasachtaí i gceist ag an Ghrúpa le cúigear iasachtach déag (2019: ceathrar) dar críoch na bliana. Cuimsíonn téarma na hiasachtaí atá fanta raon ó níos lú ná bliain amháin go trí bliana.

Measann an Grúpa, ag deireadh gach tréimhse airgeadais, an bhfuil fianaise oibiachtúil ann go bhfuil na hiasachtaí bearnaithe (feic Nóta 4.11). Tar éis measúnú bearnaithe ar na hiasachtaí amhail an 31 Nollaig 2020, chinn an Grúpa nach raibh aon fhianaise ar bhearnú ann ag an dáta tuairiscithe.

### 12. Bainistíocht Riosca

Tá sé mar aidhm ag an Ghrúpa a bheith feasach ar riosca agus a rioscaí a bhainistiú go gníomhach. Mar gheall ar na gníomhaíochtaí rithábhachtacha a rinne an eagraíocht agus i ag brath ar an dea-cháil, leagtar béim láidir ar raon cuí rialuithe.

Tá sé mar aidhm ag an Ghrúpa rioscaí a bhainistiú ar bhealach eolasach agus réamhghníomhach, de réir a goile riosca, ar bhealach a fhágann go bhfuil an leibhéal riosca ag teacht leis an mbunghníomhaíocht agus tuigeann an Grúpa agus tá sé in ann tionchar an riosca a bhainistiú agus a iompair má thagann sé i gcrích.

Is iad na príomhchatagóirí rioscaí a shainaithníonn agus a bhainistíonn an Grúpa ina cuid gnó laethúil agus a bhfuil de chumas aige an tionchar ba mhó a bheith ar ráitis airgeadais an Ghrúpa, riosca creidmheasa, riosca leachtachta agus riosca margaidh.

## 12. Bainistíocht Riosca (ar lean)

### Creat um Bainistíocht Riosca

Tá an Bord freagrach as an ngoile riosca a leagan síos agus as maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht bainistíochta riosca agus i a threorú ar fud an Ghrúpa. Shainordaigh an Bord go gcomhtháthófaí agus go leabófaí bainistíocht riosca i dtionchar agus i gcultúr an Ghrúpa.

Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú Bheartas agus Chreat Bainistíochta Riosca an Ghrúpa. Déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca iarracht a chinntiú go soláthraíonn samhail rialachais bainistíochta riosca an Ghrúpa leibhéil neamhspleáchais agus dúshláin atá iomchuí. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca don Bhord go neamhspleách.

Feidhmíonn Beartas agus Creat Bainistíocht Riosca an Ghrúpa de réir na bprionsabail a leagtar amach sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas na gComhlachtaí Stáit.

Braitheann an Ghrúpa ar na seirbhísí a chuireann GBCN ar fáil do ghnéithe áirithe den bhainistíocht riosca, sé sin:

- seirbhísí leanúnachas gnó;
- seirbhísí comhlíonta;
- seirbhísí riosca creidmheasa contrapháirtí chun críocha bainistíocht airgid;
- seirbhísí iniúchta inmheánaigh.

### An chéad líne chosanta:

Tá lucht bainistíochta an Ghrúpa freagrach as bainistíocht laethúil riosca agus as a chinntiú go mbíonn rialuithe dóthanacha i bhfeidhm agus ag feidhmiú i gceart. Tuairisceoidh an lucht bainistíochta maidir le bainistíocht riosca chuig an gCoiste Iniúchta agus Riosca. Seo a leanas na príomhchéimeanna a úsáidtear sa phróiseas um bainistíocht riosca:

- Na rioscaí ar fad a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an Ghrúpa/nó a chuirfeadh cosc ar an Ghrúpa na cuspóirí bunaithe ag Bord agus bainistíocht an Ghrúpa a bhaint amach (ag cur aon eachtaí stairiúil/neastimpiste a bhagair baint amach na spriocanna sin san áireamh);
- I gcomhair gach riosca, tionchar tosaigh agus dóchúlacht a tharlaithe a chinneadh;
- I gcomhair gach riosca, a chinneadh cibé ar féidir glacadh leis an riosca nó an mbeidh gá é a aistriú, a laghdú nó a sheachaint;
- I gcomhair gach riosca, d'ainneoin a thionchair nó dhóchúlacht a tharlaithe, gníomhartha chun riosca a laghdú a chur san áireamh;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an éifeacht iarmharach agus féidireacht tarlathem chomh maith le stádús tar éis cuir i bhfeidhm gníomhairí/srianta/maolaitheoirí;
- Athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhartha maolaithe ar bhonn leanúnach.

### An dara líne chosanta:

Tugann feidhm Riosca an Ghrúpa (agus feidhm Comhlíonta GBCN i dtaca le Riosca Comhlíonta) dúshlán agus forbheathnú neamhspleách chun forfheidhmiú Bheartas agus Chreat Bainistíochta Riosca an Ghrúpa a chinntiú.

### An tríú líne chosanta:

Is í an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh an tríú líne chosanta agus soláthraíonn sí deimhniú neamhspleách, réasúnach, riosca-bhunaithe maidir do phríomh gheallsealbhóirí le stóinseacht chóras bainistíochta riosca an Ghrúpa, maidir le rialachas agus dearadh agus éifeachtacht oibriúcháin thimpeallacht an rialaithe inmheánaigh.

## Nótaí leis na ráitis airgeadais (ar lean)

### 12. Bainistíocht Riosca (ar lean)

#### 12.1 Riosca creidmheasa

Is ionann riosca creidmheasa agus an riosca go dtabhaítear cailteanas airgeadais mar gheall ar éagmais contrpháirtí i mbeart áirithe. Lena phríomhchuspóirí a bhaint amach agus a shainordú a chomhlíonadh, ní mór don Ghrúpa glacadh le leibhéal áirithe riosca creidmheasa. Mar bhunphrionsabal, féachann an Grúpa le glacadh le seo ar bhealach stuama a ghlacann leis an leibhéal íosta de riosca creidmheasa is gá lena chuspóirí a bhaint amach, atá ar aon dul le Ráiteas Inghlacthachta Riosca an Ghrúpa. Tarlaíonn príomhriosca creidmheasa an Ghrúpa ó mhainneachtain iasachtaí íoc as a oibleagáidí chonartha don Ghrúpa.

Is é riosca creidmheasa an riosca is suntasaí do ghnó an Ghrúpa. Mar sin de, déanann an Grúpa a nochtadh do riosca creidmheasa a bhainistiú go cúramach. Déantar an riosca sin a thomhas, a mheasúnú agus a rialú i leith gach idirbheart nó aon imeacht creidmheasa a thuann an Grúpa faoi.

Déanann an Grúpa iarracht a neamhchosaint ar riosca creidmheasa a íoslaghdú trí thabhairt faoi phróiseas fairsing díchill chuí roimh aon chinntí iasachtaíhe nó rathaíocht a chuir ar fáil. Áirítear i bpróiseas um bainistíocht riosca creidmheasa na Cuideachta na nithe seo a leanas:

#### Ceadú frithgheallta

- measúnú cuimsitheach ar gach iasachtaí agus forbairt ionchais, a bhainistíocht, chumas oibriúcháin, thaitheí forbartha, fheidhmíocht airgeadais agus chuma aisíocaíochta;
- cuairteanna ar an suíomh agus cruinnithe duine le duine le bainistíocht;
- measúnú ar fheidhmíocht airgeadais an iasachtaíonchais trí thagairt don fhaisnéis atá ar fáil, lena n-áirítear cuntais airgeadais, cuntais bhainistíochta agus meastacháin airgeadais;
- anailís ar chumas aisíocaíochta iasachtaí, lena n-áirítear léiriú soiléir agus réasúnach ar chumas iasachtóra ar aghaidh a dhualgais a shásamh agus fiacha an Ghrúpa a íoc ina n-iomláine;
- athbhreithniú riosca neamhspléach agus ainm a chur Ceann Creidmheasa agus Riosca an Ghrúpa (nó toscaire ceaptha) le gach beart féideartha;
- teacht ar shlándáil imleor do gach beart;
- gach cinneadh creidmheasa forchoimeáda do Bhord MTTÉI, Coiste Creidmheasa MTTÉI nó Coiste Creidmheasa Foireann Bainistíocht Feidhmiúcháin ag brath ar méid na saoráide;
- monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar áiseanna creidmheasa, monatóireacht athbhreithnithe suirbhéara faoi gach forbairt ar bhun leanúnach;
- athbhreithniú rialta ar chomhlíonadh na gcúnant agus na ngealltanais gabháiltais faoi seach, agus aon téarmaí agus coinníollacha arna gcur i bhfeidhm ag an Ghrúpa.

Is ionann an uas-neamhchosaint ar riosca creidmheasa do shócmhainní airgeadais ag a bhfuil riosca creidmheasa amháil an 31 Nollaig 2020 agus €51m. Cuirtear an uas-neamhchosaint sin ar riosca creidmheasa i láthair trí aicme na hionstraime airgeadais. Tá airgead agus cóibhéisí airgid i seilbh Bank Ceannais na hÉireann (ráta Standard & Poor's: A2) agus Bainc-Aontas Éireann (ráta Standard & Poor's: BBB-).

	2020	2019
	€000	€000
Airgead agus coibhéisí airgid	14,158	16,869
Iasachtaí agus infháltais	36,683	5,768
	<b>50,841</b>	<b>22,637</b>
Tiomantais neamhtharraingthe ag 31 Nollaig	<b>206,000</b>	<b>26,000</b>

## 12.2 Riosca leachtachta

Is ionann riosca leachtachta agus an riosca a bhaineann le neamhábaltacht an Ghrúpa gach ceann dá hoibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh nuair atá siad dlite. Is é sin an riosca cailteanais a eascraíonn as cás nach mbeidh dóthain airgid ann chun oibríochtaí laethúla a mhaoiniú.

Áirítear le próiseas bainistíochta riosca leachtachta an Ghrúpa:

- Bainistíocht maoinithe laethúil, lena n-áirítear monatóireacht ar shreafaí ionchais airgid amach anseo, e.g. ceangaltais iasachta amach anseo, chun a chinntiú go bhféadtar riachtanais a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite;
- Bainistíocht sócmhainní agus dliteanas trí mhonatóireacht a dhéanamh ar an bpróifíl aibíochta laistigh de Ráiteas an Ghrúpa ar an Staid Airgeadais chun a chinntiú go gcoimeádtar acmhainní leordhóthanacha airgid agus/nó go mbunaítear maoiniú i gcásanna gur dócha go dtarlóidh mí-oiriúnuithe, rud a íoslaghdóidh tionchar an eis-sreafa leachtachta;
- A riosca leachtachta a bhainistiú trí phróifíl aibíochta a sócmhainní agus dliteanais a ailíniú, a mhéad agus is indéanta, chun riosca athmhaoinithe a dhíbirt a mhéad agus is féidir. Faigheann an Grúpa maoiniú fadtéarma óna maoinitheoir, agus nuair is féidir cuireann sí struchtúir ar éirim agus ar sceideal aisiocaíochta a hiasachtaí chun an próifíl aibíochta mhaoinithe sin a léiriú;
- Maolán leachtachta airgid a chothabháil le dul i ngleic le haon riachtanais leachtachta ghearrthearma a thiocthadh chun cinn.

Tá achoimre sa tábla thíos ar dhátaí na méideanna conarthachta atá tiomnaithe ag an Ghrúpa le haisiúc ar iasachtaí a fuarthas. Cuirtear na méideanna i láthair anseo go gan lascaine.

	Faoi aon bhliain amháin €000	1-5 bliana €000	Thar 5 bliana €000	Iomlán €000
<b>2020</b>				
Aisiocaíochtaí dlite	–	37,262	–	<b>37,262</b>
<b>2019</b>				
Aisiocaíochtaí dlite	–	7,010	–	<b>7,010</b>

## 12.3 Riosca margaidh

Is é atá i gceist le riosca margaidh an riosca go luaineoidh luach cóir nó sreafaí airgid amach anseo ionstraim airgeadais de bharr athruithe ar phraghsanna an mhargaidh. Cuimsíonn riosca margaidh trí cineál riosca: riosca airgeadra, riosca ráta úis agus praghasriosca eile. Eascraíonn rioscaí margaidh ó shuíomhanna oscailte i dtáirgí ráta úis nó airgeadra, atá neamhchosanta ar ghluaiseachtaí ginearálta agus sonracha margaidh, agus ar athruithe ar leibhéal luaineachta ráta úis.

### Riosca ráta úis

Tá nochtadh teoranta ag an Ghrúpa ar riosca margaidh ar a chuid iasachtaí agus infháltais agus ar a airgead agus a choibhéisí airgid. Tá rioscar ráta úis teoranta ag an Ghrúpa bunaithe ar phróifíl aibíochta reatha a iasachtaí agus infháltais agus struchtúr na saoráide maoinithe. Aithneoidh agus déanfaidh an Ghrúpa monatóireacht agus bainistiú ar aon riosca iarmharach.

## Nótaí leis na ráitis airgeadais (ar lean)

### 12. Bainistíocht Riosca (ar lean)

#### 12.3 Riosca margaidh (ar lean)

##### Riosca ráta úis (ar lean)

Leagtar amach thíos na suimeanna ghlanluachaataá neamhchosanta ar riosca ráta úis amhail an 31 Nollaig:

	2020	2019
	€000	€000
<b>Sócmhainní airgeadais</b>		
Airgead agus coibhéisí airgid	14,158	16,869
Iasachtaí agus infháiltais	36,683	5,768
	50,841	22,637
<b>Dlíteanais airgeadais</b>		
Maoiniú	37,262	7,010

##### Riosca airgeadra

Níl an Ghrúpa neamhchosanta go díreach ar riosca airgeadra, mar go ndéantar a gníomhaíochtaí maoinithe agus iasachta ar fad in euro.

##### Íogaireacht riosca ráta úis

Ní gá go léiríonn eolas a sholáthraítear san anailís íogaireachta an t-athrú iarbhír ar luach cóir a thabhdh an Grúpa faoi ghnáthchoinníollacha margaidh mar, de bharr teorainneacha praiticiúla, coimeádtar gach athróg, seachas an toisc shonrach riosca margaidh, seasmhach.

Léirítear sa tábla seo a leanas an íogaireacht ráta úis a eascraíonn as méadú nó laghdú de 50 bonnphointe (bp) ar an ráta úis, faoi réir íosráta úis 0 faoin gcéad. Tomhaistear an riosca seo mar thionchar an ghlanluacha reatha, ar an Ráiteas Comhdhlúite um Staid Airgeadais, mar gheall ar an athrú sin ar rátaí úis. Athraíonn an anailís gach ráta úis ar gach iasacht an méid céanna. Tá na rátaí úis leagtha síos amhail an 31 Nollaig 2020. Cuireann na figiúirí an éifeacht ar iasachtaí infhála agus iníochta.

##### Anailís Íogaireachta Ráta Úis – bogadh 50bp

	+50bp	-50bp
	€000	€000
Ús infhaighte	0	0
	+50bp	-50bp
	€000	€000
Ús iníochta	0	0

Is ráta comhlúthacha é an ráta úis ar iasachtaí infhaighte ach le urlár Euribor 0%, mar sin bhead éifeacht nialasach ag aon laghdú i Euribor reatha ar na cuntais. Bunaithe ar ar rátaí reatha Euribor, ní bheadh aon tionchar ag méadú 50bps mar go bhfánadh sé faoin íosráta ríofa 0%. Tá an ráta úis ar iasachtaí iníochta seasta, mar sin de nil aon éifeacht ag gluaiseacht i rátaí margaidh.

## 12. Bainistíocht Riosca (ar lean)

### 12.4 Bainistíocht caipitil

Níl an Grúpa faoi réir riachtanais chaipitil arna gcur i bhfeidhm go seachtrach. Tá an Grúpa tiomanta do chinntiú go bhfuil dóthain caipiteal aici mar go bhfuil riosca ann nach mbeadh sé in ann aon chailiteanais chreidmheasa féideartha a iompar mar gheall ar bhainistíocht mhíchuí ar chaipiteal an Ghrúpa. Is ionann scairchaipiteal íoctha reatha na cuideachta sealbhaíochta agus €20 milliún, a chuir a scairshealbhóir aonair, an tAire Airgeadais, ar fáil.

Déanann an Bord athbhreithniú ar an struchtúr caipitil go minic leis an leibhéal caipitil cuí a shocrú le cosaint an aghaidh na rioscaí seo.

### 12.5 Riosca comhchruinnithe

Is é is riosca comhchruinnithe ann an riosca go nochtfaí an Grúpa le haon neamhchosaint nó grúpa neamhchosaintí a bhfuil sé de chumas acu bheith ina gcúis le cailiteanais sách mór chun cumas an Ghrúpa le leanúint ag feidhmiú mar ghnóthas leantach a bhagairt.

Bainistíonn an Grúpa an riosca sin trí chloí leis na teorainneacha arna leagan amach sa Ráiteas ar Fhonn Riosca a d'fhaomh an Bord MTTÉ agus atá faoi réir athbhreithniú rialta an Bhoird. Sainmhínítear sa Ráiteas ar Fhonn Riosca na huasmhéideanna áiseanna creidmheasa a thiomáinfear do chatagóirí áirithe iasachtóirí. Tá sé i gceist go gcinnteofaí leis na bearta seo go bhfuil punann fhoriomlán na próifíle riosca sách éagsúil, agus nach bhfuil an iomarca neamhchosanta ar aon chomhchruinniú riosca inti.

Tá príomh-chomhchruinniú tíreolaíoch shócmhainní riosca an Ghrúpa in Éirinn, agus baineann príomh-chomhchruinniú earnála an riosca le forbairtí cónaithe, a eascraíonn as a sainordú reachtúil chun maoiniú a chur ar fáil d'fhorbairtí cónaithe sa Stáit, mar a leagtar amach in Acht MTTÉ 2018.

## 13. Luach cóir sócmhainní agus dliteanais airgeadais

### 13.1 Luach iompair i gcomparáid le luach cóir

Déantar achoimre sa tábla thíos ar shuimeanna glanluacha agus ar luachanna córa na sócmhainní agus na ndliteanas airgeadais nach gcuirtear i láthair ar Ráiteas an Ghrúpa ar an Staid Airgeadais ag a luach cóir. Ní mheastar aon cheann do na sócmhainní agus dliteanas sa Ráiteas an Ghrúpa ar an Staid Airgeadais ag luach cóir.

Tomhaistear luachanna cóir na n-ionstraimí airgeadais de réir an ordlathais luacha chóir seo a leanas:

Leibhéal 1 – sócmhainní agus dliteanas airgeadais arna dtomhas le praghsanna luaite margaidh (neamhchoigeartaithe).

Leibhéal 2 – sócmhainní agus dliteanas airgeadais arna dtomhas le teicnící luachála ina n-úsáidtear sonraí margaidh inbhraite.

Leibhéal 3 – sócmhainní agus dliteanas airgeadais arna dtomhas le teicnící luachála ina n-úsáidtear sonraí margaidh dobhraite.

## Nótaí leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 13. Luach cóir sócmhainní agus dliteanais airgeadais (ar lean)

## 13.1 Luach iompair i gcomparáid le luach cóir (ar lean)

Grúpa 2020	Luach Iompair €000	Leibhéal 1 €000	Leibhéal 2 €000	Leibhéal 3 €000	Luach cóir €000
<b>Sócmhainní Airgeadais</b>					
Airgead agus coibhéisí airgid	14,158	14,158	–	–	14,158
lasachtaí agus infháltais	36,683	–	–	36,683	36,683
<b>Dlíteanais Airgeadais</b>					
Maoiniú	37,262	–	–	37,262	37,262
Dlíteanais eile	1,576	–	–	1,576	1,576
<b>Grúpa 2019</b>					
	Luach Iompair €000	Leibhéal 1 €000	Leibhéal 2 €000	Leibhéal 3 €000	Luach cóir €000
<b>Sócmhainní Airgeadais</b>					
Airgead agus coibhéisí airgid	16,869	16,869	–	–	16,869
lasachtaí agus infháltais	5,768	–	–	5,768	5,768
<b>Dlíteanais Airgeadais</b>					
Maoiniú	7,010	–	–	7,010	7,010
Dlíteanais eile	763	–	–	763	763
<b>Cuideachta 2020</b>					
	Luach Iompair €000	Leibhéal 1 €000	Leibhéal 2 €000	Leibhéal 3 €000	Luach cóir €000
<b>Sócmhainní Airgeadais</b>					
Airgead agus coibhéisí airgid	4,899	4,899	–	–	4,899
<b>Dlíteanais Airgeadais</b>					
Dlíteanais eile	125	–	–	125	125



### 13. Luach cóir sócmhainní agus dliteanais airgeadais (ar lean)

#### 13.1 Luach iompair i gcomparáid le luach cóir (ar lean)

Cuideachta 2019	Luach iompair €000	Leibhéal 1 €000	Leibhéal 2 €000	Leibhéal 3 €000	Luach cóir €000
<b>Sócmhainní Airgeadais</b>					
Airgead agus coibhéisí airgid	4,956	4,956	–	–	4,956
<b>Dlíteanais Airgeadais</b>					
Dlíteanais eile	46	–	–	46	46

#### 13.2 Prionsabail tomhais an luacha chóir

##### *Airgead agus coibhéisí airgid*

Tá luach cóir na n-ionstraimí airgeadais seo cothrom lena luach iompair mar go bhfuil na ionstraimí seo iníoctha ar éileamh agus go bhfuil siad gearrthéarmach.

##### *Iasachtaí agus infháltais agus maoiniú agus iasachtaí*

Tá luach cóir na n-ionstraimí airgeadais seo cothrom lena luach iompair de bharr chuspóir/chineál sainmhínte na n-áiseanna seo. Tá an luach iompair ag costas amúchta.

### 14. Infháltais eile

	2020 €000	2019 €000
<b>Neamhreatha</b>		
Caiteachas iarchurtha	196	37
Infháltais eile	113	–
	<b>309</b>	<b>37</b>
<b>Reatha</b>		
Caiteachas iarchurtha	295	47
Infháltais eile	78	–
	<b>373</b>	<b>47</b>

Baineann caiteachas iarchurtha le caiteachas seachtrach tabhaithe agus íoctha ag tabhairt faoi athbhreithniúcháin dícheall cúí agus ag tabhairt comhaontuithe dlí ar shaoráidí chun críche a aithnítear thar tréimhse na saoráide cúí. Is táillí tiomantais ó iasachtaí a chuimsíonn infháltais eile.

## Nótaí leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 15. Dliteanais eile

	<b>Grúpa 2020 €000</b>	<b>Grúpa 2019 €000</b>
<b>Reatha</b>		
Méideanna atá dlite do GBCN (féach nóta 23)	732	763
Méideanna atá dlite do iasachtaithe	844	–
Ioncam iarchurtha	1,509	138
Speansais fabhráithe	149	579
	<b>3,234</b>	<b>1,480</b>
<b>Neamhreatha</b>		
Ioncam iarchurtha	1,689	107

Baineann ioncam iarchurtha leis na táillí socrú saoráide a fhaightear ón iasachtaí. Aithnítear gach táille socrúithe sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach thar théarma na saoráide ábhartha. Baineann méideanna atá dlite d'iasachtaithe le cistí a aisíocadh leis an gCuideachta maidir le díol céimnithe aonad a sháraigh iarmhéid na hiasachta tráth na haisíocáiochta. Scaoiltear na cistí iomarcacha de réir mar a bhogann an t-iasachtaí go dtí an chéad chéim eile den fhorbairt.

	<b>Cuideachta 2020 €000</b>	<b>Cuideachta 2019 €000</b>
<b>Reatha</b>		
Dliteanais eile	125	46

Baineann dliteanais eile le táillí boird iníoctha le MTTÉI.

## 16. Maoiniú

	<b>2020 €000</b>	<b>2019 €000</b>
Íasachtaí maoinithe	37,262	7,010

Bhí íasachtaí gan íoc de €37m ag an Ghrúpa ag 31 Nollaig 2020 le dáta aibíochta de 16 Bealtaine 2020. Ag deireadh na tréimhse, bhí €693m ag an gcuideachta i saoráidí maoinithe nach raibh tarraingthe anuas ag an Ghrúpa.

## 17. Anailís aibíochta ar shócmhainní agus ar dliteanais

Léirítear sa tábla thíos miondealú na sócmhainní agus na ndliteanas sin ina bhfuil gné neamhreatha a bhfuil ceart conartha aici le haisghabháil nó le socrú níos mó ná 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe. Léiríonn méideanna reatha na méideanna sin a bhfuiltear ag súil le haisghabháil nó le socrú laistigh de 12 mhí le haghaidh gach sócmhainne agus dliteanais.

	Reatha €000	Neamhreatha €000	Iomlán €000
<b>2020</b>			
<b>Sócmhainní Airgeadais</b>			
lasachtaí agus infháltais	8,150	28,533	<b>36,683</b>
<b>Dlíteanais airgeadais</b>			
Maoiniú	–	(37,262)	<b>(37,262)</b>
<b>2019</b>			
<b>Sócmhainní Airgeadais</b>			
lasachtaí agus infháltais	–	5,768	<b>5,768</b>
<b>Dlíteanais airgeadais</b>			
Maoiniú	–	(7,010)	<b>(7,010)</b>

## 18. Luach saothair iniúchára

	Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 €000	7 Nollaig 2018 go 31 Nollaig 2019 €000
Iniúchadh ar ráitis airgeadais	31	28

Níl aon seirbhísí neamhiniúchta san áireamh thuas.

## 19. Gnáthscair

Tá úinéireacht tairbhiúil deiridh an Ghrúpa i seilbh an tAire Airgeadais tríd 20,000,000 scair ainmniúil de €1.00 an ceann sa cuideachta sealbhaíochta, MTTÉ.

De réir alt 10(4) Acht MTTÉ 2018, féadfar scairchaipiteal údaraithe an Ghrúpa a mhéadú chuig méid eile de réir mar a chinnfidh an tAire Airgeadais é de réir ordú ó am go ham.

## Nótaí leis na ráitis airgeadais (ar lean)

### 20. Tiomantais

I mí Eanáir 2019 rinne MTTÉ comhaontú maidir le cóiríocht oifige ag 1 Duga an Státhchiste, Cé an Bhalla Thuaidh, Baile Átha Cliath 1. Ritheann téarma an léasa ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 24 Bealtaine 2033. Ní fhéadfaidh MTTÉ téarma an léasa a bhriseadh ach de bhun Treorach Aireachta go scoirfidh MTTÉ d'oibríochtaí agus faoi réir tréimhse fógra dhá mhí dhéag ar a laghad a sholáthar don léasóir chun an briseadh seo a fheidhmiú. Thabhaíodh caiteachas léasa de €0.16m in 2020. Is iad seo a leanas na híoschíosanna ainmniúla amach anseo a bheidh iníoctha go 24 Bealtaine 2033:

	2020	2019
	€000	€000
Laistigh de bhliain amháin	159	162
I dhá go cúig bliana	636	646
Thar cúig bliana	1,175	1,316
	<b>1,970</b>	<b>2,124</b>

### 21. Dlíteanas theagmhasacha

Níl aon dlíteanas teagmhasach ag an Ghrúpa ag an dáta tuairiscithe atá ag teastáil nochtadh sna ráitis airgeadais.

### 22. Infheistiócht i ngnóthas fochuideachta

Tá fochuideachta na Cuideachta, MTTÉI, corpaithe agus ag oibriú in Éirinn ag 31 Nollaig 2020, le oifigí cláraithe ag Duga an Státhchiste, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1, D01 A9T8.

	I Seilbh Coibhneas	Scairchaipiteal Eisithe	Gníomhaíocht
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann (Iasachtú) CGA	100%	1 Gnáthscair de €1	Iaschtú

Is fochuideachta 100% den MTTÉ é MTTÉI tríd 1 gnáthscair (luach ainmniúil €1) eisithe. Is 200,000,000 gnáthscair de €1.00 an scairchaipiteal údaraithe.

Rinne MTTÉ rannaíochaíocht chaipitil chun MTTÉI i 2019. Tá an rannaíochaíocht chaipitil de €15m neamh-in-aisíoctha agus ní thugann sé aon cearta do MTTÉ do scaireanna i gcaipiteal nó socmhainní MTTÉI.

## 23. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

### 23.1 Páirtithe gaolmhara

#### *Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann (Iasachtú) CGA*

Is fochuideachta 100% de Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann CGA í Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann (Iasachtú) CGA.

#### *An tAire Airgeadais*

Is leis an Aire Airgeadais amháin scairchaipiteal eisishe MTTÉ. D'fhéadfaí an tAire Airgeadais an scairchaipiteal údaraithe a shocrú é de réir ordú ó am go ham de bhun alt 10(4) d'Acht MTTÉ 2018.

#### *GBCN*

Tugann GBCN seirbhísí foirne agus tacaíochta gnó don Ghrúpa. Gearrtar na táillí a thabhaíonn GBCN ar an Ghrúpa, de réir théarmaí an Chomhaontaithe Leibhéal Seirbhíse idir MTTÉ agus GBCN.

#### *Aonáin eile faoi riail an Rialtais*

Is páirtithe gaolmhara de MTTÉ iad an Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn ("CISÉ") agus Bainc-Aontas Éireann plc mar go bhfuil gach ceann faoi riail an Aire Airgeadais.

#### *Príomhphearsanra bainistíochta*

Tá príomhphearsanra bainistíochta i MTTÉ comhdhéanta de chomhaltáí an Bhoird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí ag tuairisciú go díreach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

### 23.2 Idirbhearta agus iarmhéideanna le páirtithe gaolmhara

Is iad seo a leanas na idirbhearta a tharla idir le páirtithe gaolmhara le linn na tréimhse airgeadais.

#### *Athmhúirear GBCN*

Tabhaíonn GBCN costais as reáchtáil an Grúpa, costais a athghearrann siad ar an Ghrúpa. B'ionann iomlán na gcostas sin don bhliain airgeadais agus €5m (2019: €5.3m). Nochtar i Nóta 8 tuilleadh sonraí ar na costais sin. Tá €0.7m (2019: €0.8m) inioctha le GBCN ag deireadh na tréimhse airgeadais.

#### *Saoráid Iasachta an CISÉ*

Chuir an CISÉ saoráid iasachta de €730m ar fáil don Ghrúpa, faoi threoir an Aire Airgeadais. Oibríonn iasacht an CISÉ mar shaoráid iasachta imrothlach le dáta aibíochta saoráide de 16 Bealtaine 2029.

#### *Bainc-Aontas Éireann plc*

Bhí €4.3m i seilbh an Ghrúpa i Bainc-Aontas Éireann plc ag deireadh na bliana airgeadais.

#### *Príomhphearsanra bainistíochta*

Nochtar príomhphearsanra bainistíochta an MTTÉ i Nóta 8.

## Nótaí leis na ráitis airgeadais (ar lean)

### 24. Nochtadh leasa

Tá riachtanais maidir le nochtadh leasa ar Stiúrthóirí faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, faoi Airteagail Chomhlachais na Cuideachta agus faoin gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag MTTÉ chun cuidiú le Stiúrthóirí agus le comhaltaí foirne a n-oibleagáidí maidir le nochtadh leasa a chomhlíonadh i rith na tréimhse arna hathbhreithniú.

### 25. Teagmhais tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe

Beidh tionchar ag dúnadh láithreán tógála (le heisceachtaí an-teoranta) an 8 Eanáir 2021 mar gheall ar shrianta COVID-19 Leibhéal 5 ar chríochnú gearrthéarmach forbairtí cónaithe i 2021, lena n-áirítear do chustaiméirí reatha MTTÉ. Mar sin féin, agus gach gníomhaíocht tógála cónaithe á athoscailt ón 12 Aibreán 2021, níltear ag súil go mbeidh an tionchar airgeadais ar MTTÉ ábhartha.

### 26. Ceadú na ráiteas airgeadais

D'fhormheas na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 21 Aibreán 2021.



**HBFI** Maoiníú Teaghais-Tógála Éireann  
Home Building Finance Ireland

Maoiníú Teaghais-Tógála Éireann  
1 Duga na Stáitchiste, Cé and Phoirt Thuaidh  
Baile Átha Cliath 1, D01 A9T8, Éire

**T** 353 1 238 4000  
**E** [info@hbfi.ie](mailto:info@hbfi.ie)  
**W** [www.hbfi.ie](http://www.hbfi.ie)

